TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 21 Márta 2024[1]

Cásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P

an Coimisiún Eorpach
v
Front populaire pour la libération de la saguia el-hamra et du rio de oro (Front Polisario), Comhairle an Aontais Eorpaigh (C-779/21 P)
agus
Comhairle an Aontais Eorpaigh
v

Front Populaire pour la libération de la saguia-el-hamra et du rio de oro (Front Polisario) (C-799/21 P)

(Achomharc – Comhaontú Comhlachais AE-Mharacó – Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear cóireáil fhabhrach taraife a leathnú chuig earraí de thionscnamh an tSahára Thiar – Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973) – 'Toiliú' mhuintir an tSahára Thiar – Prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí – An ceart féinchinntiúcháin)

I. Réamhrá

1. Agus é ag plé leis an gcuid eile den domhan, ní mór don Aontas Eorpach an dlí idirnáisiúnta a urramú, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe ('Cairt NA').[2]

2. Sa chomhthéacs sin, tá trí shraith de chásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais, lena gcaitear amhras ar cé acu an ndearna nó nach ndearna institiúidí an Aontais an dlí idirnáisiúnta a urramú agus iad ag plé le críoch an tSahára Thiar.

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Féach Airteagal 3(5) CAE.

3. Sa tsraith achomharc seo, ardaítear an cheist maidir le cé acu an ndearna nó nach ndearna an tAontas Eorpach an ceart féinchinntiúcháin agus prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí a urramú nuair a leasaigh sé an comhaontú comhlachais le Ríocht Mharacó [3] d'fhonn fabhair tharaife a shíneadh chuig earraí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. [4]

4. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, [5] tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid nach ndearna an tAontas Eorpach na rialacha sin den dlí idirnáisiúnta gnách a urramú, mar a léiríodh i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais roimhe sin. [6] Dá réir sin, chuir an chúirt sin Cinneadh (AE) 2019/217, [7] lenar formheasadh na leasuithe ar an gComhaontú Comhlachais ar neamhní. [8] Tá an Chomhairle agus an Coimisiún ag déanamh achomhairc in aghaidh an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Breithiúnais anois.

5. Tá baint dhíreach ag na hachomhairc seo le sraith achomharc comhthreomhar ina gcaitear amhras ar bhailíocht an chinnidh ón gComhairle lena dtugtar an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, [9] lena gcumhdaítear na huiscí in aice leis an Sahára Thiar, [10] agus réamhthagairt lena lorgaítear treoir maidir le lipéadú ceart na tíre tionscnaimh ar tháirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. [11] Tugaim mo Thuairimí i ngach ceann de na cásanna sin inniu. Ba cheart iad a bhreithniú le chéile.

6. Mar atá léirithe ag an achoimre stairiúil a chuirfidh mé i láthair sa Tuairim seo, ach atá ábhartha freisin do mo Thuairimí a léitear inniu sa dá chás eile, beagnach 50 bliain ó cuireadh tús le próiseas féinchinntiúcháin mhuintir an tSahára Thiar, níl an mhuintir sin níos gaire do stádas a gcríoch amach anseo a chinneadh.

7. Cé go léiríonn sé sin teip shoiléir ar an bpróiseas polaitiúil faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, ní chiallaíonn sé sin gur féidir réiteach na ceiste sa Sahára Thiar a chur faoi chúram Chúirteanna an Aontais. Ní chinnfidh na cúirteanna sin todhchaí an tSahára Thiar.

3 Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2000 L 70, lch. 2; 'an Comhaontú Comhlachais').

4 Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 4; 'an comhaontú atá i gceist').

5 Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, EU:T:2021:639; 'an breithiúnas faoi achomharc').

6 Is é sin, i mbreithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973; 'an breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*'), agus an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118; 'an breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*').

7 Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 1; 'an cinneadh atá faoi chonspóid').

8 Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 391 agus 392.

9 IO 2019 L 77, lch. 8; 'an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe'.

10 Cásanna Uamtha C-778/21P agus C-798/21P, *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*.

11 Cás C-399/22, *Confédération paysanne (Mealbhacáin agus trátaí ón Sahára Thiar)*.

II. Cúlra maidir leis na himeachtaí seo

A. Stair ghairid ar an tsaincheist maidir leis an Sahára Thiar

8. Coilíneacht de chuid na Spáinne a bhí sa Sahára Thiar. Chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Sahára Thiar leis an liosta de NSGTanna ina dhiaidh sin.[12] Tá sé fós ar an liosta sin go dtí an lá atá inniu ann.[13]

9. Sa bhliain 1960, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 1541 (XV).[14] De réir an rúin sin, féadtar a dhearbhú go bhfuil cineál áirithe féinrialtais iomlán bainte amach ag NSGT ar cheann de thrí bhealach: trí (1) theacht chun cinn mar Stát ceannasach neamhspleách; (2) shaorchomhlachas le Stát neamhspleách; nó (3) lánpháirtiú le Stát neamhspleách.[15]

10. Sa bhliain 1966, dheimhnigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an ceart féinchinntiúcháin de mhuintir an tSahára Thiar agus thug sé cuireadh don Spáinn feidhmiú an chirt sin a chumasú agus a eagrú[16] a chinn an Spáinn a chumasú trí reifreann.

11. Bhí Front Polisario,[17] gluaiseacht fhrithchoilíneach a cruthaíodh sa bhliain 1973,[18] i bhfabhar reifreann a reáchtáil.

12. Chuir Ríocht Mharacó, áfach, i gcoinne an smaoinimh gur cheart díchoilíniú a bhaint amach trí bhíthin reifrinn maidir le féinchinntiúchán. Mheas an Stát sin, roimh choilíniú na Spáinne ar an Sahára Thiar, gurbh í (mar atá anois) Ríocht Mharacó a raibh ceannasacht aici ar an gcríoch sin. Mar sin, ghlac Ríocht Mharacó leis an seasamh gur cheart, le linn an phróiseas díchoilínithe, an Sahára Thiar a ath-imeascadh i gcríoch Ríocht Mharacó.[19] Is é sin a seasamh fós sa lá atá inniu ann.

12 Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil an Choiste um Fhaisnéis ó Chríocha Neamh-Féinrialaitheacha Uimh. 14 (A/5514) (1963), Iarscríbhinn III, 'Liosta na gCríoch Neamh-Féinrialaitheach faoi Chaibidil XI den Chairt an 31 Nollaig 1962 rangaithe de réir réigiúin gheografacha', lch. 34.

13 Tá seacht gcríoch déag fós liostaithe mar NSGT, agus is é an Sahára Thiar an t-aon chríoch dá leithéid san Afraic, ar fáil ar https://www.un.org/dppa/decolonization/en/nsgt.

14 Rún 1541 (XV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Nollaig 1960, 'Prionsabail ar cheart dóibh a bheith mar threoir do Chomhaltaí agus cinneadh á ghlacadh acu maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáid ann an fhaisnéis a éilítear faoi Airteagal 73e den Chairt a tharchur'.

15 Féach Prionsabal VI.A den iarscríbhinn a ghabhann le Rún 1541 (XV) de Chomhthionóil Ghinearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Nollaig 1960, 'Prionsabail ar cheart dóibh a bheith mar threoir do Chomhaltaí agus cinneadh á ghlacadh acu maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil oibleagáid ann an fhaisnéis a éilítear faoi Airteagal 73e den Chairt a tharchur; dá dtagraítear sa Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, mír 57). Féach freisin Crawford, J., *The creation of states in international law*, 2nd edition, Oxford University Press, Oxford, 2007, lch. 621.

16 Rún 2229 (XXI) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Nollaig 1966, 'Question of Ifni and the Spanish Sahara'.

17 Front Populaire pour la libération de la saguia-el-hamra et du rio de oro ('Front Polisario').

18 De réir Deubel (Deubel, T.F., *Between homeland and exile: Poetry, memory, and identity in Sahrawi communities*, Tráchtas PhD, Ollscoil Arizona, 2010, lch. 76, ar fáil ar http://hdl.handle.net/10150/146067), thosaigh féiniúlacht Sahrawi ag forbairt i gcoinne coilíniú na Spáinne. D'éirigh sé níos suntasaí sna 1970idí mar fhreagairt ar an bpróiseas díchoilínithe, rud a spreag forbairt na ngluaiseachtaí frithchoilíneacha. Ba iad ceannairí óige ar cuireadh oideachas orthu i dtíortha comharsanachta, lena n-áirítear i Ríocht Mharacó, agus faoi thionchar láidir gluaiseachtaí díchoilínithe i dtíortha eile, go háirithe san Ailgéir, a chruthaigh na chéad ghluaiseachtaí frithchoilíneacha.

19 Féach, chuige sin, Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, mír 49).

13. Ba é an toradh a bhí ar na tuairimí codarsnacha thuas maidir le cé a raibh éileamh bailí acu ar chríoch an tSahára Thiar ná an Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar, arna iarraidh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. [20]

14. Sa tuairim chomhairleach sin, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ('CBI') go raibh an ceart ag muintir an tSahára Thiar an ceart féinchinntiúcháin a shealbhú. [21] Chinn sí freisin 'nach mbunaítear leis na hábhair agus leis an bhfaisnéis a cuireadh faoina bhráid aon nasc de cheannasacht chríochach idir críoch an tSahára Thiar agus Ríocht Mharacó ná eintiteas na Máratáine. Mar sin níor chinn an Chúirt go raibh naisc dhlíthiúla ann de chineál a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Rún 1514 (XV) maidir le díchoilíniú an tSahára Thiar agus, go háirithe, maidir leis an gceart féinchinntiúcháin trí thoil mhuintir na Críche a chur in iúl ar bhealach saorga agus i ndáiríre'. [22]

15. Sa bhliain 1975, tríd an tuairim de CBI a léiriú mar thuairim nár dearbhaíodh ceart féinchinntiúcháin mhuintir an tSahára Thiar, ach mar thuairim a thacaigh le ceannasacht stairiúil Ríocht Mharacó ar an gcríoch sin, [23] thug an Rí Hassan II cuireadh do shaoránaigh Mharacó chuig 'Mórshiúl Glas', inar tháinig thart ar 350 000 duine isteach i gcríoch an tSahára Thiar mar léiriú ar cheart ceannasach Ríocht Mharacó ar an gcríoch. Mar fhreagairt, d'iarr Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar Ríocht Maracó deireadh a chur leis an mórshiúl láithreach. [24]

16. Timpeall an ama chéanna, shínigh an Spáinn, Ríocht Mharacó, agus Poblacht Ioslamach Máratáine an Dearbhú Prionsabal maidir leis an Sahára Thiar (ar a dtugtar 'na Comhaontuithe Mhaidrid' freisin), [25] trínar roinneadh críoch an tSahára Thiar idir an dá Stát deiridh. Go gairid ina dhiaidh sin, i mí Eanáir 1976, chuaigh arm Mharacó isteach i gcríoch an tSahára Thiar.

17. An 26 Feabhra 1976, chuir an Spáinn in iúl d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go raibh deireadh curtha aici lena láithreacht sa Sahára Thiar agus go raibh a seasamh tréigthe aici mar an chumhacht riaracháin faoi Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. [26]

18. An lá tar éis imeacht na Spáinne ón Sahára Thiar, d'fhógair Front Polisario bunú Poblacht Dhaonlathach Arabach an tSahára ('SADR'). [27] Tá suíomh an rialtas SADR lonnaithe i gcampa teifeach Sachrámhach in Tindouf san Ailgéir.

[20] Dealraíonn sé gur iarradh an tuairim chomhairleach ar thionscnamh Ríocht Mharacó, a rinne iarracht ar dtús comhaontú na Spáinne a fháil chun a n-aighneas faoi cheannasacht an tSahára Thiar a chur faoi bhráid CBI chun cinneadh a fháil in imeachtaí conspóideacha. Féach an Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, míreanna 29 agus 36).

[21] Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, mír 162).

[22] Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12, mír 162).

[23] Chuir Maracó béim ar an gcéad abairt de mhír 162 den Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12), ina sonraítear 'go dtaispeánann na hábhair agus an fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte go raibh, tráth coilínithe na Spáinne, naisc dlíthiúla dhílseachta idir Sabhdán Mharacó agus cuid de na treibheanna a raibh cónaí orthu i gcríoch an tSahára Thiar'.

[24] Rún 380 (1975) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 6 Samhain 1975 (lena n-iarrtar ar Ríocht Mharacó a cuid trúpaí a tharraingt siar ón Sahára Thiar).

[25] Féach *United Nations Treaty Series*, Iml. 988, lch. 259.

[26] Is cuid de Chaibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe í an fhoráil sin, ina ndéileáiltear le críocha neamh-féinrialaitheacha. Ceanglaítear leis, ar chomhaltaí de chuid na Náisiún Aontaithe 'a bhfuil freagrachtaí orthu nó a ghlacann freagrachtaí as riaradh na gcríoch nach bhfuil cineál áirithe féinrialaithe iomlán bainte amach ag a bpobal', *inter alia*, 'féinrialú a fhorbairt [do na pobail sin], chun uaillmhianta polaitiúla na bpobal a chur san áireamh go cuí, agus chun cabhrú leo le forbairt fhorásach dá gcuid institiúidí polaitíochta saora'.

[27] Níl an caidreamh idir SADR agus Front Polisario soiléir sa lá atá inniu ann, ná ní dhearnadh níos intuigthe é ag an éisteacht.

19. Sa lá atá inniu ann, tá an SADR aitheanta ag 47 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe.[28] Níl SADR aitheanta ag an Aontas Eorpach ná ag aon cheann dá Bhallstáit.

20. Tar éis do Ríocht Mharacó dul isteach i gcríoch an Sahára Thiar – agus go dtí mí Mheán Fómhair 1991, nuair a comhaontaíodh sos cogaidh – bhí Ríocht Mharacó agus Front Polisario i mbun coinbhleachta armtha. Mar thoradh air sin, bhí níos mó ná 100 000 teifeach ón Sahára Thiar, a bhfuil an chuid is mó acu ina gcónaí i gcampaí dídeanaithe san Ailgéir anois.[29]

21. Leis an sos cogaidh de 1991, cuireadh deis ar fáil chun idirphlé polaitiúil a athnuachan maidir le réiteach na saincheiste sa Sahára Thiar. Mar sin féin, toisc nár thángthas ar aon réiteach, thosaigh an troid arís in 2020.

22. Ó na 1970idí i leith, tá na Náisiúin Aontaithe i mbun plé chun teacht ar réiteach chun an Sahára Thiar a dhíchoilíniú. Ag an am sin, chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe tús leis an smaoineamh go n-eagrófaí reifreann, agus ina dhiaidh sin thacaigh siad leis an smaoineamh sin, ionas go bhféadfadh muintir an tSahára Thiar a mianta a chur in iúl maidir le todhchaí na críche sin. Athnuadh an smaoineamh faoi reifreann ar fhéinchinntiúchán i bplean lonnaíochta, a d'fhormhuinigh Front Polisario agus Ríocht Mharacó 'i bprionsabal', agus a tháinig roimh an sos cogaidh de 1991.

23. D'fhonn faireachán a dhéanamh, i measc gnéithe eile, ar an sos cogaidh agus chun cabhrú le heagrú an reifrinn sin, bhunaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Misean na Náisiún Aontaithe don Reifreann sa Sahára Thiar ('MINURSO') i mí Aibreáin 1991,[30] a bhfuil a shainordú fadaithe gach bliain, agus atá fós ann go dtí seo.[31] In ainneoin tionscnaimh bhreise[32] agus tabhairt chun críche ag MINURSO de liosta na ndaoine a bheadh i dteideal vótáil i reifreann, níl aon reifreann eagraithe go fóill.

24. Seachas na Náisiúin Aontaithe, bhí an tAontas Afracach (agus a réamhtheachtaí, an Eagraíocht um Aontas na hAfraice) i mbun plé chun réiteach a aimsiú ar shaincheist an tSahára Thiar freisin. Tá tacaíocht tugtha aige do cheart féinchinntiúcháin mhuintir na Sachrámhach. Sa bhliain 1984, glacadh le SADR mar bhall den Eagraíocht um Aontas na hAfraice, rud a d'fhág gur tharraing Ríocht Mharacó siar ón eagraíocht sin mar agóid. I mí Eanáir 2017, rinne Ríocht Mharacó iarratas ar bhallraíocht agus athligeadh isteach san Aontas Afracach í.[33]

28 Ag an tús, bhí SADR aitheanta ag líon níos mó de thíortha, ach tá an t-aitheantas sin cúlghairthe acu ó shin.

29 Maidir leis an staid reatha agus líon na ndídeanaithe, féach Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, Bileog Fíricí UNHCR, 'Ailgéir', atá ar fáil ar https://reliefweb.int/report/algeria/unhcr-algeria-fact-sheet-april-2023.

30 Féach Rún 690 (1991) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 29 Aibreán 1991 (lena gcinntear 'Misean [NA] don Reifreann sa Sahára Thiar a bhunú, faoina húdarás').

31 Chun an athnuachan is déanaí a fháil, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024, féach Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023.

32 Féach, mar shampla, an Plean Baker 2001 (agus a athbhreithniú in 2003) (go foirmiúil, 'Plean Síochána um Fhéinchinntiúchán Mhuintir an tSahára Thiar'), ag eascairt as cainteanna faoi choimirce ionadaí na Náisiún Aontaithe, James Baker III; féach, chuige sin, Zunes, S. agus Mundy, J., *Western Sahara: War, nationalism, and conflict irresolution*, 2ú eagrán, Syracuse University Press, 2022, Caibidil 9.

33 In 2018, mar fhreagra ar an athligean isteach sin, chomhdaigh an tUasal Bernard Mornah, náisiúnach Gána, iarratas i gcoinne ocht mBallstát den Aontas Afracach os comhair Chúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, ag éileamh gur sháraigh na Stáit sin oibleagáidí éagsúla faoin gCairt Afracach um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal nuair a chomhaontaigh siad le Ríocht Mharacó a athghlacadh san Aontas Afracach gan iarraidh ar an Stát sin stop a chur lena áitiú líomhainte ar chríoch an tSahára Thiar. Dhiúltaigh Cúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal don dúshlán sin, áfach, ag teacht ar an gconclúid nár sháraigh na Stáit fhreagróra a n-oibleagáidí faoi Chairt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, lena n-áirítear an ceart féinchinntiúcháin, trí ligean do Ríocht Mharacó a bheith ina bhall den Aontas Afracach. Ag an am céanna, dheimhnigh an chúirt sin ceart féinchinntiúcháin mhuintir na Sachrámhach, agus mheas sí gur norm domhaolaithe den dlí idirnáisiúnta é an ceart féinchinntiúcháin. Féach Cúirt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2018, *Bernard Anbataayela Mornah* v *Republic of Benin and Others* (Uimh. Iarratais 028/2018), mír 343(v).

25. In 2006, mheas Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeadh ar na páirtithe teacht ar 'comhréiteach idir an dlíthiúlacht idirnáisiúnta agus an réaltacht pholaitiúil', agus nach bhféadfaí é sin a bhaint amach ach amháin trí chaibidlíocht dhíreach. [34]

26. In 2007, mhol Front Polisario agus Ríocht Mharacó a gcuid pleananna maidir le saincheist an tSahára Thiar a réiteach. Choinnigh Front Polisario lena sheasamh go n-éilítear leis an gceart féinchinntiúcháin an reáchtáil de reifreann. Mhol Ríocht Mharacó plean ina dtairgtear neamhspleáchas don Sahára Thiar faoi cheannasacht Mharacó. [35]

27. Tugann léann le fios, ó 2018 i leith, gur cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar an tacaíocht do phlean neamhspleáchais 2007 ó Ríocht Mharacó. [36] Mar an gcéanna, is cosúil go bhfuil athrú tagtha ar an reitric i rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. [37] Mar sin, ag tosú in 2018, i dtéacs rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Sahára Thiar, cuirtear béim ar an ngá atá le 'réiteach polaitiúil atá réalaíoch, indéanta, marthanach agus inghlactha go frithpháirteach a bhaint amach ar shaincheist an tSahára Thiar bunaithe ar chomhréiteach'. [38]

28. Ag an am céanna, i rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le déanaí, athdhearbhaítear nach mór d'aon réiteach polaitiúil foráil a dhéanamh 'd'fhéinchinntiúchán mhuintir an tSahára Thiar i gcomhthéacs socruithe atá i gcomhréir le prionsabail agus le cuspóirí an Chairt [NA]'. [39]

B. Ábharthacht na mbreithiúnas in an Chomhairle v Front Polisario agus in Western Sahara Campaign UK

29. Bhunaigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit Comhpháirtíocht Eora-Mheánmhara le Ríocht Mharacó ar bhonn an Chomhaontú Comhlachais, arna thabhairt i gcrích in 1996.

30. Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais sin, thug an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó roinnt comhaontuithe i gcrích, lena n-áirítear an Comhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 [40] agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh 2006. [41]

31. Thionscain Front Polisario caingean chun an Comhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 a chur ar neamhní, a raibh mar chúis le breithiúnas na Cúirte in *an Chomhairle v Front Polisario*.

34 Féach an tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe an 19 Aibreán 2006, 'Situation concerning Western Sahára (S/2006/249)', míreanna 32 agus 34. Féach freisin Allen, S. agus Trinidad, J., *The Western Sahara question and international law. Recognition doctrine and self-determination*, Routledge, Oxford, 2024, lch. 17.

35 Féach Seirbhís Taighde Comhdhála na Stát Aontaithe, 'Western Sahara', RS20962, nuashonraithe an 8 Deireadh Fómhair 2014, lch. 4.

36 Maíodh freisin go bhféadfadh an t-athrú ar bheartas roinnt Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe a bheith spreagtha ag forógra 2020 an Uachtaráin Donald J. Trump ina n-aithnítear ceannasacht Ríocht Mharacó ar an Sahára Thiar (féach 'Proclamation on Recognizing The Sovereignty Of The Kingdom Of Morocco Over The Western Sahara', ar fáil ar https://trumpwhitehouse.archives.gov/presidential-actions/proclamation-recognizing-sovereignty-kingdom-morocco-western-sahara). Chun forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar na forbairtí polaitiúla ar leibhéal Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an Chomhthionóil Ghinearálta agus seasaimh aonair de Bhallstáit na Náisiún Aontaithe, chomh maith le plé ar na himpleachtaí a bheidh ag an tacaíocht mhéadaitheach don seasamh Mharacó ar an Sahára Thiar, féach Allen, S. agus Trinidad, J., *The Western Sahara question and international law. Recognition doctrine and self-determination*, Routledge, Oxford, 2024, lch. 47 *et seq*.

37 Féach, le déanaí, Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023.

38 Féach, mar shampla, Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023, pointe 2. Féach freisin Allen, S. agus Trinidad, J., *The Western Sahara question and international law. Recognition doctrine and self-determination*, Routledge, Oxford, 2024, lch. 48 (ina gcuirtear i láthair an teanga atá ag athrú i rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ó 2018 i leith).

39 Féach, le déanaí, Rún 2703 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023, pointe 4.

40 IO 2012 L 241, lch. 4; 'an Comhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012'.

41 IO 2006 L 141, lch. 4; 'an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh 2006'.

32. Ag an gcéadchéim, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh seasamh ag Front Polisario chun an chaingean a thionscnamh agus chuir sí an cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar an Comhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 a thabhairt chun críche ar neamhní ar an mbonn gur mhainnigh an Chomhairle a fhíorú nach ndearnadh an táirgeadh d'earraí de thionscnamh an tSahára Thiar arna n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach ar bhealach a bhí díobhálach do dhaonra na críche sin. [42]

33. Ar achomharc, sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, níor thug an Chúirt Bhreithiúnais aghaidh ar inghlacthacht chás Front Polisario nó ar chonclúid shubstainteach na Cúirte Ginearálta. Ina áit sin, agus an fhoclaíocht 'Ríocht Mharacó' á léiriú, ar sainchiallaíodh an chríoch lena raibh feidhm ag an gComhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012, tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an gconclúid nach raibh feidhm ag an gcomhaontú sin maidir le críoch an tSahára Thiar. [43] Ar an ábhar sin, measadh go raibh caingean Front Polisario neamh-inghlactha. [44]

34. I mír 106 dá breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mheas an Chúirt Bhreithiúnais 'nach mór breathnú ar mhuintir an tSahára Thiar mar "tríú páirtí" de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí'. Dá bhrí sin, ní mór do mhuintir an tSahára Thiar a 'toiliú' a thabhairt ionas go mbeadh feidhm ag an gComhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 maidir le críoch an tSahára Thiar, 'gan é a bheith riachtanach a chinneadh cé acu an dóigh go ndéanfaidh cur chun feidhme den sórt sin dochar di nó, os a choinne sin, go rachadh sé chun tairbhe di'.

35. Sa bhreithiúnas in *Western Sahara Campaign UK* leanadh réasúnaíocht den chineál céanna. Sa chás sin, mheas an Chúirt nach gcumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh 2006, a bhí mar chuid den struchtúr freisin arna chruthú leis an gComhaontú Comhlachais le Maracó, [45] críoch an tSahára Thiar ná na huiscí cóngarach dó, toisc nach gcumhdaítear leis an téarma 'Ríocht Mharacó' críoch an tSahára Thiar. [46] Dá réir sin, bhain an Chúirt de thátal as go mbeadh sé contrártha leis an gceart féinchinntiúcháin agus le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí léiriú a dhéanamh ar an gcomhaontú sin mar chomhaontú a bhaineann leis an Sahára Thiar.

C. An comhaontú atá i gceist agus an cinneadh atá faoi chonspóid

36. Tar éis a bhreithiúnais in *an Chomhairle v Front Polisario*, 'd'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Mharacó d'fhonn bunús dlí a bhunú, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, chun na fabhair tharaife a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais a dheonú ar tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar'. [47]

42 Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Nollaig 2015, *Front Polisario v an Chomhairle* (T-512/12, EU:T:2015:953, míreanna 114 agus 241).

43 Breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 82 *et seq*.

44 Breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 133.

45 Breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 59 go 61.

46 Breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 64 agus 69.

47 Cinneadh atá faoi chonspóid, aithris 6. Féach freisin An Chomhairle, Toradh chruinniú na Comhairle, 3544ú cruinniú den Chomhairle, Iomaíochas (Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus Spás) (9716/17, an 29 agus an 30 Bealtaine 2017), lch. 22.

37. Mar sin, sa chinneadh atá faoi chonspóid, míníodh na cúiseanna leis an gcomhaontú nua a thabhairt i gcrích ar an mbealach seo a leanas:

‘(4) Ó tháinig an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm, tá táirgí ón Sahára Thiar arna ndeimhniú de bheith de thionscnamh Mharacó arna n-allmhairiú chuig an Aontas, ag baint tairbhe as na fabhair tharaife a leagtar síos ina fhorálacha ábhartha.

(5) Mar sin féin, [sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*], shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais gur cumhdaíodh leis an gComhaontú Comhlachais críoch Ríocht Mharacó amháin agus ní chríoch an tSahára Thiar, ar críoch neamh-féinrialaitheach í.

(6) Ba cheart a áirithiú nach gcuirfí isteach ar na sreafaí trádála a forbraíodh thar na blianta, agus ráthaíochtaí iomchuí á mbunú don dlí idirnáisiúnta a chosaint, lena n-áirítear cearta an duine, agus forbairt inbhuanaithe sna críocha lena mbaineann. An 29 Bealtaine 2017, d’údaraigh an Chomhairle don Choimisiún caibidlíocht a thosú le Ríocht Mharacó d’fhonn bunús dlí a bhunú, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, chun na fabhair tharaife a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais a dheonú ar táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar. Is é an t-aon mhodh chun a áirithiú go mbaineann an t-allmhairiú de tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar tairbhe as tionscnamh fabhrach, ná comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, ós rud é gurb iad na húdaráis Mharacó amháin atá in ann a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is gá chun roghanna dá leithéid a dheonú.’ [48]

38. Tugadh an comhaontú i gceist i gcrích an 25 Deireadh Fómhair 2018, i bhfoirm malartú litreacha. Leis sin, cuirtear isteach sa Chomhaontú Comhlachais dearbhú comhpháirteach, lena leathnaítear an chóireáil fhabhrach taraife chuig táirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar.

39. Foráiltear sa dearbhú comhpháirteach an méid seo a leanas:

‘1. Maidir le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialuithe ag údaráis chustaim Ríocht Mharacó, bainfidh siad tairbhe as na fabhair thrádála atá mar i gcéanna leo siúd a dheonaíonn an tAontas Eorpach ar tháirgí arna gcumhdach ag an gComhaontú Comhlachais.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú, lena n-áirítear maidir le cruthúnas ar thionscnamh.

3. Beidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Ríocht Mharacó freagrach as a áirithiú go gcuirfear Prótacal 4 i bhfeidhm ar na táirgí sin.’ [49]

40. Sonraítear go sainráite i litreacha an Aontais Eorpaigh agus Ríocht Mharacó araon atá mar chuid den chomhaontú atá i gceist go bhfuil ‘an comhaontú tugtha i gcrích gan dochar do sheasamh an Aontais Eorpaigh maidir le stádas an tSahára Thiar ná do sheasamh Ríocht Mharacó maidir leis an réigiún sin’.

41. Athshonraítear sna litreacha freisin ‘go n-athdhearbhaíonn an dá pháirtí a dtacaíocht don phróiseas [NA] agus go dtacaíonn siad leis na hiarrachtaí a rinne an tArd-Rúnaí teacht ar shocrú polaitiúil cinntitheach i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí an [Cairt NA] agus atá bunaithe ar na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe’.

[48] Cinneadh atá faoi chonspóid, aithrisí 4 go 6.

[49] Dearbhú comhpháirteach a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais (IO 2019 L 34, lch. 4). Baineadh an fonóta.

42. D'fhormheas an tAontas Eorpach an comhaontú atá i gceist trí bhíthin an chinnidh atá faoi chonspóid.

43. Mar fhreagra ar mhír 106 de *an Chomhairle v Front Polisario*, foráiltear an míniú seo a leanas in aithris 7 go 10 den chinneadh atá faoi chonspóid:

'(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag Comhaontú den sórt sin maidir le forbairt inbhuanaithe, go háirithe maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí do na daoine lena mbaineann a eascraíonn as na fabhair tharaife a thugtar do tháirgí ón Sahára Thiar agus ó shaothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch atá i gceist. Is deacair éifeachtaí na mbuntáistí taraife ar fhostaíocht, ar chearta an duine agus ar shaothrú acmhainní nádúrtha a thomhas toisc go bhfuil siad de chineál indíreach. Ina theannta sin, níl sé éasca faisnéis oibiachtúil a fháil maidir leis an tsaincheist sin.

(8) Mar sin féin, léirítear sa mheasúnú gur mó, ar an iomlán, na buntáistí do gheilleagar an tSahára Thiar a eascraíonn as deonú na bhfabhar taraife arna leagan síos sa Chomhaontú Comhlachais ar tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar, amhail an iarmhairt chumhachtach ghiarála atá ann maidir leis an bhfás eacnamaíoch agus mar sin maidir leis an bhforbairt shóisialta, ná na míbhuntáistí a ardaíodh sa phróiseas comhairliúcháin, amhail úsáid fhairsing acmhainní nádúrtha, go háirithe cúltaiscí uisce faoi thalamh, a bhfuil bearta glactha ina leith.

(9) Measúnaíodh go mbeidh iarmhairt fhoriomlán dhearfach ar na daoine lena mbaineann trí fhabhair tharaife a leathnú chuig táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar. Féadtar a bheith ag súil go leanfadh an iarmhairt seo ar aghaidh agus go bhféadfaí feabhas a chur uirthi sa todhchaí. Léirítear sa mheasúnú go gcuirfear na coinníollacha infheistíochta chun cinn agus go gcothófar fás substaintiúil tapa atá fabhrach do phoist áitiúla tríd an bhuntáiste a eascraíonn as na fabhair tharaife a leathnú chuig táirgí ón Sahára Thiar. Leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus táirgthe atá sa Sahára Thiar agus a bhainfeadh tairbhe mhór as na fabhair tharaife arna leagan síos sa Chomhaontú Comhlachais, taispeántar dá mba rud é nach ndeonófaí fabhair tharaife go ndéanfaí dochar mór d'onnmhairí ón Sahára Thiar, go háirithe d'onnmhairí de tháirgí iascaigh agus talmhaíochta. Meastar, trí infheistíocht a spreagadh, gur cheart go mbeadh tionchar dearfach ag deonú fabhair tharaife ar fhorbairt gheilleagar an tSahára Thiar.

(10) Ag féachaint do na breithnithe maidir le toiliú i rialú na Cúirte Breithiúnais, tá gach beart réasúnach agus indéanta déanta ag an gCoimisiún, i gcuibhreann leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí [("SEGS")] sa chomhthéacs reatha chun rannpháirtíocht leordhóthanach a thabhairt do na daoine lena mbaineann chun a dtoiliú leis an gcomhaontú a fháil amach. Rinneadh comhairliúcháin fhadréimseacha agus dúirt formhór na bpáirtithe leasmhara sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla a ghlac páirt sna comhairliúcháin go raibh siad i bhfabhar na fabhair tharaife sa Chomhaontú Comhlachais a leathnú chuig an Sahára Thiar. Bhraith na daoine a dhiúltaigh don smaoineamh go bunúsach gur cheart go ndearbhófaí i gComhaontú den sórt sin seasamh Mharacó maidir leis an Sahára Thiar. Mar sin féin, ní thugtar le tuiscint i dtéacs an Chomhaontaithe go n-aithnítear ceannasacht Mharacó ar an Sahára Thiar. Leanfaidh an tAontas freisin ag cur lena iarrachtaí chun tacú leis an bpróiseas, arna thionscnamh agus arna shaothrú ag na Náisiúin Aontaithe, ag oibriú chun an díospóid a réiteach ar bhealach síochánta.'

D. An breithiúnas faoi achomharc

44. An 27 Aibreán 2019, thionscain Front Polisario caingean ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

45. An 29 Meán Fómhair 2021, thug an Chúirt Ghinearálta an breithiúnas atá faoi achomharc, trínar chuir sí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní. [50]

46. Maidir le hinghlacthacht na caingne, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an dá phríomhfhoras um neamh-inghlacthacht a bhí ag an gComhairle maidir le cumas Front Polisario imeachtaí a thionscnamh agus maidir lena sheasamh i ndáil leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. [51]

47. Maidir le substaint na caingne, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chéad fhoras neamhnithe a bhí ag Front Polisario maidir le heaspa cumais líomhainte na Comhairle an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh. [52] Os a choinne sin, sheas sé le tríú foras neamhnithe Front Polisario maidir le hoibleagáid na Comhairle cloí leis na ceanglais a thagann ón gcásdlí a bhaineann leis an gceart chun féinchinntiúcháin agus le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. [53] Ní dhearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar na forais neamhnithe eile a d'ardaigh Front Polisario.

E. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

48. Le hachomhairc a taisceadh an 14 Nollaig 2021 agus an 16 Nollaig 2021, iarrann an Coimisiún agus an Chomhairle faoi seach go gcuirfidh an Chúirt an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní ina iomláine, rialú a thabhairt maidir leis na saincheisteanna a ardaítear, an chaingean ag an gcéadchéim a dhiúltú, agus a ordú do Front Polisario na costais a íoc. Mar mhalairt air sin, iarrann na hinstitiúidí sin go seasfaidh an Chúirt le héifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid go ceann tréimhse 12 mhí ón dáta a thabharfar a breithiúnas.

49. Tacaíonn an Confédération marocaine de l'agriculture et du développement rural, agus Rialtais na Beilge, na Spáinne, na Fraince, na hUngáire, na Portaingéile agus na Slóvaice leis an mbeart sin.

50. Tionóladh éisteacht an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023 inar chuir an Coimisiún, an Chomhairle, Front Polisario, an Confédération marocaine de l'agriculture et du développement rural, agus Rialtais na Beilge, na Fraince, na Spáinne agus na hUngáire barúlacha ó bhéal i láthair.

[50] Mar sin féin, chinn an chúirt sin freisin, éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó, i gcás ina dtaiscfear achomharc laistigh den tréimhse sin, go dtí go mbeidh a breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais. Breithiúnas faoi achomharc, mír 396.

[51] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 79 go 114 agus 133 go 238.

[52] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 240 go 250.

[53] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 251 go 396.

III. Anailís

A. Maidir leis an léiriú ar an dlí idirnáisiúnta

51. I gcomparáid le dlíchóras an Aontais nó le dlíchóras a chuid Ballstát, níl an dlíchóras idirnáisiúnta chomh dlúth céanna agus, i dtéarmaí aonfhoirmeacht maidir le brí rialacha an chórais sin a chinneadh, is dlíchóras i bhfad níos díláraithe é.

52. Fiú má tá a chóras foinsí dlí féin ag an dlí idirnáisiúnta,[54] agus roinnt rialacha léirithe a nglactar leo go ginearálta,[55] níl léirmhínitheoir deiridh amháin aige lena gceanglaítear lena léirithe na rannpháirtithe uile den chóras.[56]

53. Chuige sin, sa léiriú ar ábhar rialacha an dlí idirnáisiúnta ghnách ar chuid de chóras dlí an Aontais iad, níl institiúidí an Aontais, lena n-áirítear Cúirteanna an Aontais, teoranta ag léirithe éagsúla den riail chéanna ag ábhair eile de dhlí idirnáisiúnta.[57]

54. Mar sin féin, agus brí an dlí idirnáisiúnta á fhorléiriú chun críocha dhlíchóras an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Chúirt a shuíomh cibé acu ar baineadh amach leibhéal áirithe comhaontaithe maidir le brí rialach ar leith ar leibhéal an dlí idirnáisiúnta. Tagann sé sin chun cinn, dar liomsa, as gealltanas an Aontais Eorpaigh rannchuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) CAE.

55. Ar an mbealach céanna nach bhfuil institiúidí an Aontais faoi cheangal ag léirithe ar an dlí idirnáisiúnta ag ábhair eile den dlíchóras sin, níl an léiriú a shannann an Chúirt do riail an dlí idirnáisiúnta ina cheangal ach amháin laistigh de dlíchóras an Aontais. Mar sin féin, agus an bhrí á cur i leith riail an dlí idirnáisiúnta, tá sé tábhachtach go dtuigeann an Chúirt go mbíonn éifeachtaí ag a léiriú ar réimse an dlí idirnáisiúnta agus go rannchuidíonn sé le cruthú gnáis agus le tógáil a bhrí.[58]

56. Le léiriú ar an dlí idirnáisiúnta laistigh de dhlíchóras an Aontais, ardaítear freisin an cheist faoin gcaidreamh idir Cúirteanna an Aontais agus institiúidí polaitiúla an Aontais maidir le léiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an dlí idirnáisiúnta ar an Aontas Eorpach.

54 De réir Airteagal 38(1) de Reacht an CBI, is conarthaí agus coinbhinsiúin, nósanna, prionsabail ghinearálta an dlí, agus cinntí agus teagasc breithiúnach iad na foinsí atá ag an dlí idirnáisiúnta. Féach freisin, go ginearálta, Shaw, MN, *International Law*, Cambridge University Press, Cambridge, 2006, lch. 69 *et seq*.

55 Le hAirteagail 31 go 33 den Choinbhinsiún Vín ar Dhlí na gConarthaí, a tugadh chun críche i Vín an 23 Bealtaine 1969 (*United Nations Treaty Series*, Iml. 1155, lch. 331) ('VCLT'), bunaítear rialacha maidir leis an léiriú ar chonarthaí idirnáisiúnta. D'fhéadfaí go dtuigfí cuid de na rialacha sin mar chódú an dlí idirnáisiúnta ghnách. Ar an taobh eile, ceanglaítear leis an dlí idirnáisiúnta gnách ar an léirmhínitheoir a shuíomh ar dtús cibé an ionann riail áirithe agus nós, agus ansin a bhrí a léiriú i gcás áirithe. Tá gá mar sin leis an gcleachtas agus an *opinio juris* de Stáit a bhunú. Tríd an gcleachtadh sin, d'fhéadfadh brí eile a bheith ag nós i gcóras nach bhfuil léirmhínitheoir údarásach amháin ann. Maidir leis an difríocht idir teacht ar *chinneadh* gur gnáthriail den dlí idirnáisiúnta gnách í riail áirithe agus an *léiriú* ina dhiaidh sin d'ábhar na rialach sin, féach, Merkouris, P., 'Interpretation of Customary International Law: Delineating the States in Its Life Cycle', in Merkouris, P., Follesdal, A., Ulfstein, G., Westerman, P. (eag.), *The interpretation of customary international law in international courts: Methods of interpretation, normative interactions and the role of coherence*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lch. 136.

56 De réir Airteagal 38(1)(d) den Reacht CBI, ní ach bealach tánaisteach amháin iad cinntí breithiúnacha, lena n-áirítear cinntí na cúirte sin, chun rialacha an dlí idirnáisiúnta a chinneadh.

57 Le haghaidh samplaí de phatrúin difríochta idir léirithe ar an dlí idirnáisiúnta, féach Roberts, A., 'Patterns of difference and dominance', in Roberts, A., *Is international law international*?, Oxford University Press, Oxford, 2017, lch. 232 *et seq*.

58 Féach, chuige sin, Malenovský, J., 'Le juge et la coutume internationale: perspectives de l'Union européenne et de la Cour de justice', The Law and Practice of International Courts and Tribunals, Iml.12, 2013, lch. 218 agus Odermatt, J., 'The European Union's role in the making and confirmation of customary international law', in Lusa Bordin, F., Müller, A., agus Pascual-Vives, F. (eag.), *The European Union and Customary International Law*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lgh. 74 agus 75.

57. I mbeartas seachtrach an Aontais Eorpaigh, tá lánrogha leathan ag institiúidí polaitiúla an Aontais. [59] Is cuid den lánrogha sin é cinneadh comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le Stát eile, lena n-áirítear an cinneadh cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin a leathnú chuig tríú críoch. Ní féidir leis an gCúirt amhras a chaitheamh ar an rogha sin.

58. Mar sin féin, i gcás ina ndéantar cinneadh beartais maidir le caidreamh le tríú Stát nó le tríú críoch, ní hamháin go bhfuil sé de chumhacht ag an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh maidir le cibé an gcomhlíontar le rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh na ceanglais bhunreachtúla a fhorchuirtear leis na Conarthaí AE agus FAE, ach go gceanglaítear uirthi fiú é sin a dhéanamh. [60]

59. Mar a mhínigh an Chúirt ina breithiúnas in *Air Transport Association of America agus páirtithe Eile*, 'faoi Airteagal 3(5) CAE, tá an tAontas Eorpach le rannchuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt. Dá bhrí sin, nuair a ghlacann sé gníomh, tá sé de cheangal air an dlí idirnáisiúnta a urramú ina iomláine, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta gnách, atá ina cheangal ar institiúidí an Aontais Eorpaigh.' [61]

60. Ina cúram bunreachtúil chun smacht reachta san Aontas Eorpach a áirithiú, ceanglaítear ar an gCúirt, dá bhrí sin, a mheas cibé ar sháraigh institiúidí an AE, trí chomhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, na cearta a bhronntar le gnáthrialacha an dlí idirnáisiúnta ar a ábhair.

61. Ceanglaítear leis sin go ndéanfadh an Chúirt léiriú ar an ábhar de rialacha ábhartha an ghnáthdlí. I gcás ina bhfuil *opinion juris* aonfhoirmeach ann maidir le hoibleagáid dhlíthiúil a bheith *ann* (amhail an oibleagáid an ceart chun féinchinntiúcháin NSGT a aithint), ach ní ar a *ábhar* beacht, ceanglaítear le lánrogha pholaitiúil an Aontais sa chaidreamh seachtrach go ndéanfaí an Chúirt géilleadh don léiriú arna roghnú ag na hinstitiúidí sin.

B. Raon feidhme na n-achomharc seo agus struchtúr na Tuairime seo

62. Baineann an cheist atá os comhair na Cúirte sna hachomhairc seo go bunúsach leis an méid seo a leanas: leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, an n-údaraítear tabhairt i gcrích an chomhaontaithe le Ríocht Mharacó lena gcumhdaítear críoch an tSahára Thiar atá de shárú ar an dlí idirnáisiúnta gnách, agus níos beaichte sin, ar an gceart féinchinntiúcháin agus ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, arna léiriú ag an gCúirt in *an Chomhairle v Front Polisario* agus *Western Sahara Campaign UK*? [62]

[59] Féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *Swiss International Air Lines* (C-272/15, EU:C:2016:993, mír 24) agus an 9 Meitheamh 2022, *Préfet du Gers and Institut national de la statistique et des études économiques*(C-673/20, EU:C:2022:449, mír 99) (inar mheas an Chúirt, go bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais i gcinntí beartais, agus caidreamh seachtrach á seoladh acu, agus is gá mar sin go gciallófaí go bhfuil roghanna beartais i gceist).

[60] Mheas mé mar sin, fiú amháin i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, ina bhfuil dlínse na Cúirte teoranta, nach bhféadtar a eisiamh a hinniúlacht rialú a dhéanamh ar cibé an bhfuil gníomhaíocht an Aontais i gcomhréir le cearta bunúsacha. Féach, chuige sin, mo Thuairim i gCásanna Uamtha *KS agus KD v an Chomhairle agus páirtithe Eile agus an Coimisiún* v *KS agus KD* (C-29/22 P agus C-44/22 P, EU:C:2023:901, míreanna 115 go 120). Níor tháinig an cás sin os comhair na Cúirte fós.

[61] Féach breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe Eile* (C-366/10, EU:C:2011:864, mír 101) ('*Air Transport Association of America agus páirtithe Eile*').

[62] I gcomhthéacs na n-argóintí lena gcuirtear i gcoinne bhailíocht an tríú saincheist dlí a d'ardaigh Front Polisario, mheas an Chúirt Ghinearálta go bhféadfadh an páirtí sin brath ar an mbreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario* agus ar an léiriú a tugadh don ceart féinchinntiúcháin agus do phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid. Féach breithiúnas faoi achomharc, mír 297.

63. Agus an cheist sin á freagairt, tá sé tábhachtach a mheabhrú nach bhfuil an cheist maidir le *cé acu* an bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh an tAontas Eorpach dul i mbun gníomhaíochta le críoch an tSahára Thiar mar chuid de raon feidhme an achomhairc seo;[63] ní dhearnadh cros-achomharc maidir leis an ngné sin, a dhíbh an Chúirt Ghinearálta ag an gcéadchéim.[64]

64. Dá réir sin, tá an cheist os comhair na Cúirte teoranta do chinneadh na Cúirte Ginearálta ar díríodh uirthi ina hanailís ar an tríú saincheist dlí a chuir Front Polisario i láthair. Ina leith sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid contrártha leis an gceart féinchinntiúcháin agus do phrionsabal éifeachtaí coibhneasta na gconarthaí sa mhéid is gur léirigh an Chúirt na rialacha sin sa bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*. Ardaíodh gnéithe eile a bhaineann leis na rialacha sin ar leith air sin sa chaingean bhunaidh, ach níor thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh orthu, ag breithniú na caingne a bunaíodh ar bhonn an tríú saincheist dlí.[65]

65. Mar sin, leis na hachomhairc seo, ní chuirtear ar chumas na Cúirte léiriú a thabhairt ar an mbealach lena rialaítear leis an gceart féinchinntiúcháin an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Maracó i leith an tSahára Thiar mar aon leis an méid a bhí i gceist sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*.

66. Mar sin féin, toisc go bhfuil dlúthbhaint ag cuid de na saincheisteanna a ardaítear leis na hachomhairc sin leis na saincheisteanna sin atá fós ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta,[66] pléifidh mé go hachomair iad freisin.

67. Tá m'anailís struchtúrtha mar seo a leanas. Tosóidh mé le míniú a thabhairt ar an bhfáth a gceapaim go bhfuil seasamh ag Front Polisario chun na himeachtaí seo a thionscnamh (Roinn C). Ansin, ag dul ar aghaidh go substaint an cháis, taispeánfaidh mé go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa dlí nuair a ghlac sí leis an tríú saincheist dlí ó Front Polisario arna bunú (Roinn D). Chun na críche sin, déanfaidh mé na breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK* a léiriú ar dtús d'fhonn a shoiléiriú go beacht cé hiad na gnéithe de na breithiúnais sin atá ábhartha don tsraith achomharc seo (Fo-Roinn D.1). Ar an dara dul síos, míneoidh mé cén fáth a bhfuil cinneadh na Cúirte Ginearálta maidir le heaspa toilithe i ndáil le

63 Dar liomsa, níl aon fhiúntas, ach an oiread, ag baint leis an gceist sin mar ní mór bealach a bheith ann don Aontas Eorpach idirghníomhú le críocha áirithe a bhfuil leas dlisteanach aige iontu, gan gá le neamhchlaontacht an Aontais Eorpaigh ná dá Bhallstáit i ndáil le stádas na gcríoch sin a chur i mbaol. Chuir tráchtairí cur síos ar an mbeartas dé-cholún sin mar rud a fhéachann le 'spás polaitiúil agus dlíthiúil' a oscailt chun rannpháirtíocht a scaradh ó aitheantas; féach Fischer, S., 'The EU's non-recognition and engagement policy towards Abkhazia and South Ossetia', European Institute for Security Studies (1-2 December 2010), lch. 3 agus Coppieters, B., 'Engagement without recognition', in Vosioka, G., Doyle, J., Newman, E., 'Routledge Handbook of State Recognition' (an chéad eag., 2019, Routledge: Londain), lch. 243-244 (ina dtugtar cur síos ar an gcaoi a leanann cur chuige an Aontais maidir le críocha faoi dhíospóid an fhoirmle de 'neamh-aitheantas agus rannpháirtíocht' nó 'rannpháirtíocht gan aitheantas'). Le haghaidh sampla praiticiúil den chur chuige sin, maidir leis an gcoinbhleacht maidir leis an Abcáis, féach an Chomhairle um Chomhar idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia, 14ú cruinniú an 12 Nollaig 2023 (UE-GE 4651/1/13), pointe 4.

64 Féach, chuige sin, breithiúnas faoi achomharc, míreanna 187 go 189 agus 240 go 250.

65 Ag an gcéadchéim, chuir Front Polisario 10 saincheist dlí chun cinn san iomlán mar thaca lena chaingean, agus níl ach an chéad agus an tríú ceann mar bhonn leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc. Sna 8 saincheist dlí eile ardaítear ceisteanna faoin dlí idirnáisiúnta freisin, amhail urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta (an dara saincheist dlí); an ceart féinchinntiúcháin (7ú saincheist dlí); éifeacht choibhneasta na gconarthaí (8ú saincheist dlí); an dlí maidir le freagracht idirnáisiúnta (10ú saincheist dlí) chomh maith le ceisteanna faoi dhlí an Aontais, amhail ionchais dhlisteanacha a chosaint agus comhréireacht (an 5ú agus an 6ú saincheist dlí). Ós rud é nár dhéileáil an Chúirt Ghinearálta leis na saincheisteanna dlí sin sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, fágtar as an áireamh iad ó raon feidhme na n-achomharc seo.

66 Bhí na ceisteanna sin i láthair freisin, go díreach nó go hindíreach, sna caingne is bun le horduithe an 19 Iúil 2018, *Front Polisario v an Chomhairle* (T-180/14, nár foilsíodh, EU:T:2018:496) (a bhaineann le prótacal lena leagtar síos deiseanna iascaireachta sna huiscí in aice leis an Sahára Thiar); an 30 Samhain 2018, *Front Polisario v an Chomhairle* (T-275/18, nár foilsíodh, EU:T:2018:869) (a bhaineann le comhaontú eitlíochta le Ríocht Mharacó); agus ordú an 8 Feabhra 2019, *Front Polisario v an Chomhairle* (T-376/18, nár foilsíodh, EU:T:2019:77) (a bhaineann le cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh le Ríocht Mharacó i bhfianaise an bhreithiúnais in *Western Sahara Campaign UK*).

héifeacht choibhneasta na gconarthaí mícheart agus cén fáth, mar sin, gur mheas an chúirt sin go mícheart go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar an dlí idirnáisiúnta arna léiriú sa bhreithiúnas *an Chomhairle* v *Front Polisario* (Fo-Roinn D.2). Ina dhiaidh sin, déanfaidh mé anailís cé acu an gcaitear nó nach gcaitear le conclúid na Comhairle ar an gcomhaontú atá i gceist le críoch an tSahára Thiar mar chríoch atá leithleach agus éagsúil, i gcomhréir le léiriú na Cúirte ar ábhar an chirt féinchinntiúcháin in *an Chomhairle* v *Front Polisario* maidir leis an gcríoch sin (Fo-Roinn D.3). Ar deireadh, leagfaidh mé béim go hachomair ar na hoibleagáidí sin a eascraíonn as an gceart féinchinntiúcháin atá gan freagra sa bhreithiúnas atá faoi achomharc ach lena gceanglaítear mar sin féin an tAontas Eorpach ina rannpháirtíocht le críoch an tSahára Thiar (Roinn E), sula dtagaim ar chonclúid maidir le hiarmhairtí mo Thuairime (Roinn IV).

C. Inghlacthacht agus an fhéidearthacht brath ar an dlí idirnáisiúnta gnách os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh

1. Seasamh

68. Dar liomsa, féadtar an ceart atá ag Front Polisario an chaingean le haghaidh neamhniú a thionscnamh sa chás seo teacht as stádas dlíthiúil mhuintir an tSahára Thiar faoin gcuid den dlí idirnáisiúnta poiblí atá ina cheangal ar an Aontas Eorpach. Is é an pobal sin atá in ann a éileamh go bhfuil baint dhíreach agus leithleach acu maidir leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

69. Tá an ceart féinchinntiúcháin ag muintir an tSahára Thiar, rud atá aitheanta ag an gCúirt mar phrionsabal den dlí idirnáisiúnta gnách lena gcruthaítear oibleagáidí ceangailteacha ar an Aontas Eorpach. [67]

70. Mar a mhínigh an Chúirt Ghinearálta go bunúsach, [68] tá an ceart sin ann fiú agus sula bhfeidhmítear go héifeachtach é. Is é an cuspóir atá leis, i measc nithe eile, a chur ar chumas an phobail sin a dtodhchaí pholaitiúil a roghnú.

71. Chuige sin, toisc go bhfuil cearta ag muintir an tSahára Thiar faoin dlí idirnáisiúnta, tá pearsantacht dhlítheanach (ar a laghad de chineál díorthach) ag an bpobal sin faoin gcorpas dlí sin. [69]

72. Ina bhreithiúnas i *Veiniséala* v *an Chomhairle (Cibé a ndéantar difear do thríú Stát)*, [70] dheimhnigh an Chúirt gur féidir le heintitis a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoin dlí idirnáisiúnta seasamh a bheith acu i gCúirteanna an Aontais má tá baint dhíreach nó leithleach acu le gníomh de chuid institiúidí AE. [71]

67 Féach *an Chomhairle* v *Front Polisario*, míreanna 88 go 89 agus *Western Sahara Campaign UK*, mír 63. Maidir leis na breithiúnais sin, féach tuilleadh mír 96 *et seq* den Tuairim seo.

68 Féach, chuige sin, breithiúnas faoi achomharc, míreanna 295 agus 360.

69 Féach, mar shampla, Weller, M., *Escaping the self-determination trap*, Nijhoff, Leiden, 2008, lgh. 16 go 17, agus nóta 15 ('Tá pearsantacht dhlítheanach i ndáiríre ag eintitis féinchinntiúcháin choilíneacha fiú sula riarann siad an gníomh féinchinntiúcháin, tá an ceart acu chun aontacht chríche, chun a bheith saor ón úsáid fornirt agus ó bhearta diansmachtúla, féadfaidh siad streachailt trí bhíthin gluaiseachta saoirse náisiúnta, agus d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfaighidh siad tacaíocht idirnáisiúnta ina streachailt. Féadfaidh siad freisin an dlí um choinbhleacht armtha idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go haontaobhach, in ionad an dlí i bhfad níos teoranta um choinbhleacht armtha inmheánach lena gcumhdaítear coinbhleachtaí intíre') agus Knoll, B, *The Legal Status of Territories Subject to Administration by International Organisation*, Cambridge University Press, Cambridge, 2009, lch. 124) (a mheas go bhfuil 'eintiteas ina ábhar dlíthiúil a mhéid a thagraíonn rialacha an chórais dlí idirnáisiúnta dó').

70 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021 (C-872/19 P, EU:C:2021:507).

71 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Cibé a ndéantar difear do thríú Stát)* (C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 34).

73. Tugann sé sin mé chuig na ceanglais maidir le baint dhíreach agus leithleach, a eascraíonn as an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE.

74. Mar aonad comhchoiteann, agus mar sin mar aonad féinchinntiúcháin, tá baint dhíreach ag muintir an tSahára Thiar leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. [72]

75. Ar an gcéad dul síos, baineann an cinneadh sin le críoch a bhfuil an ceart féinchinntiúcháin ag muintir an tSahára Thiar. Dá bhrí sin, caithfidh sé dul i bhfeidhm ar chearta atá ag an bpobal sin maidir leis an gcríoch sin, lena n-áirítear an ceart chun taitneamh a bhaint as a chuid acmhainní nádúrtha. Tá tionchar ag an gcinneadh atá faoi chonspóid, mar sin, ar stádas dlíthiúil mhuintir an Sahára Thiar.

76. Ar an dara dul síos, tá an oibleagáid maidir le cóireáil fhabhrach a thabhairt do tháirgí de thionscnamh an tSahára Thiar ina gceangal ar an Aontas Eorpach gan gá le haon ghníomh lánroghnach sa bhreis ar an gcinneadh atá faoi chonspóid. Mar sin, tá tionchar díreach ag an gcinneadh atá faoi chonspóid ar stádas dlíthiúil mhuintir an Sahára Thiar.

77. Tá baint leithleach ag an bpobal sin freisin leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

78. Is iad na daoine sin amháin a aithnítear mar dhaoine a bhfuil an ceart féinchinntiúcháin acu maidir le críoch an tSahára Thiar. Mar sin, féadtar idirdhealú a dhéanamh idir an pobal sin sa seasamh sin agus aon ábhar eile. [73]

79. Mar sin féin, murab ionann agus Veiniséala, nó aon Stát eile a d'fhéadfaí a aithint go bhfuil seasamh aige os comhair na Cúirte, níl aon ionadaí tofa ná aitheanta eile ag muintir an tSahára Thiar. [74]

80. Gan aon ionadaí tofa ná comhaitheanta, conas is féidir leis an bpobal sin a gceart comhchoiteann chun féinchinntiúcháin a chosaint os comhair Chúirteanna an Aontais? [75]

[72] Mar atá sonraithe ag an gCúirt Ghinearálta i mír 144 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, de réir cásdlí socair, ceanglaítear leis an gcoinníoll nach mór do dhuine nádúrtha nó dlítheanach baint dhíreach a bheith aige leis an gcinneadh atá faoi achomharc, arna shonrú sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, go gcomhlíonfar dhá chritéar charnacha. Is é an chéad chritéar ná nach mór do bheart AE atá faoi chonspóid dul i bhfeidhm go díreach ar staid dhlíthiúil an duine aonair. Is é an dara chritéar ná nach mór dó aon rogha a fhágáil dá sheolaithe, a gcuirtear de chúram orthu é a chur chun feidhme, agus cur chun feidhme den sórt sin a bheith uathoibríoch amháin agus ag eascairt as forálacha an Aontais amháin gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm. Féach freisin breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 43).

[73] Dá réir sin, comhlíontar an dianchoinníoll i leith baint leithleach a eascraíonn as an mbreithiúnas an 15 Iúil 1963, *Plaumann* v *an Coimisiún (*25/62, EU:C:1963:17, lch. 107).

[74] Seachnaíodh ceist chomhchosúil sna himeachtaí ba bhun leis an mbreithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *An Chomhairle (Cibé a ndéantar difear do thríú Stát)* (C-872/19 P, EU:C:2021:507), ós rud é, nuair a tugadh an cás sin os comhair na Cúirte Ginearálta den chéad uair, bhí Poblacht Bholavarach Veiniséala i lár streachailte maidir le héilimh iomaíocha ar ionadaíocht don tír sin idir an tUasal Nicolás Maduro agus an tUasal Juan Guaidó, agus na Ballstáit scoilte faoin gceist cé a bhféadfadh feidhmiú mar Uachtarán Phoblacht Bholavarach Veiniséala. Mar sin féin, níor ghá don Chúirt plé leis an gceist maidir le hinniúlacht um imeachtaí dlí a údarú thar ceann na poblachta sin, ós rud é, i mí Eanáir 2021, d'eisigh an Chomhairle conclúidí lenar thángthas ar réiteach ar an tsáinn sin i bhfabhar an Uasail Nicolás Maduro. Féach Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala (25 Eanáir 2021, 5582/21).

[75] Ag an éisteacht, bhí an Coimisiún den tuairim nach mbeadh seasamh ag aon cheann den 60 eagraíocht, ENRanna, cónaidhmeanna feirmeoirí, ionadaithe tofa áitiúla, eagraíochtaí talmhaíochta, ná gníomhaithe eile a bhí páirteach sna comhairliúcháin, maidir le caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh a bhí faoi chonspóid.

81. Níl Front Polisario aitheanta mar '*an*' t-ionadaí de mhuintir an tSahára Thiar ag na Náisiúin Aontaithe [76] ná ag an Aontas Eorpach. [77]

82. Gluaiseacht saoirse fhéinfhógartha atá i gceist le Front Polisario, [78] a tháinig i réim chun troid ar son cineál ar leith de shamhail rialachais sa todhchaí ar chríoch an tSahára Thiar: is é sin an *neamhspleáchas* den chríoch sin ó Ríocht Mharacó chomh maith le Stát Sachrámhach *ceannasach* agus neamhspleách a chruthú. [79]

83. Níor thogh muintir an tSahára Thiar é chun an róil sin, áfach, agus ní féidir a dheimhniú le haon chinnteacht go bhfuil tacaíocht an phobail (tromlach de) ag Front Polisario. [80]

84. Mar a mhínigh mé i mír 9 den Tuairim seo, tá trí thoradh féideartha i gceist le feidhmiú an chirt féinchinntiúcháin, agus níl ach ceann amháin de na trí thoradh sin i bhfoirmiú Stáit neamhspleách. Dá mba rud é go n-aithneofaí go bhfuil an teideal de '*an*' t-ionadaí do mhuintir an tSahára Thiar ag Front Polisario, ní bheadh sé i gcomhréir le seasamh neodrach an Aontais Eorpaigh maidir le toradh an phróisis féinchinntiúcháin. [81]

85. Níl an cineál sin aitheantais ina rogha don Chúirt ach an oiread, toisc go mbeadh sé i gcoinne chinneadh bheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát gan a aithint go bhfuil aon stádas ar leith ag Front Polisario. [82]

[76] Chuige sin, is féidir liom aontú le seasamh na Comhairle agus an Choimisiúin nach leor mar fhianaise ann féin an fíoras gur tagraíodh don Front Polisario i Rún 34/37 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 21 Samhain 1979, 'Ceist faoin Sahára Thiar', mar *an* t-ionadaí do mhuintir an tSahára Thiar, chun an maíomh go n-aithníonn go deimhin na Náisiún Aontaithe agus an pobal idirnáisiúnta an páirtí sin sa cháil sin.

[77] Cuir seasamh na gluaiseachta sin i gcodarsnacht le ról Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, a fhéadfaidh, 'faoi théarmaí Chomhaontú Eatramhach Iosrael-na Palaistíne an 28 Meán Fómhair 1995 maidir leis an mBruach Thiar agus Stráice Gaza […] comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích chun leasa Údarás na Palaistíne […] i réimsí áirithe'. Féach Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt chun críche ag an gComhphobal Eorpach den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach agus PLO ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza (arna thíolacadh ag an Coimisiún) (COM(97)51 final).

[78] Mar sin féin, níor bhronn na Náisiúin Aontaithe ná an tAontas Eorpach ná a Bhallstáit an lipéad de 'ghluaiseacht saoirse an phobail' riamh ar Front Polisario. Maidir le stádas agus cumhachtaí de 'ghluaiseacht saoirse an phobail', féach Crawford, J., *Brownlie's Principles of Public International Law*, 9ú eagrán, Oxford University Press, 2019, lch. 113, a mhíníonn go bhfuil roinnt cearta agus dualgais dhlíthiúla ag eintitis pholaitiúla a aithnítear mar ghluaiseachtaí saoirse, lena gcuimsítear, i measc nithe eile, an cumas comhaontuithe ceangailteacha idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le daoine dlítheanacha idirnáisiúnta eile agus an ceart chun páirt a ghlacadh in imeachtaí na Náisiún Aontaithe mar bhreathnadóir, an ceart seo á bhronnadh go sainráite i rúin éagsúla den Chomhthionól Ginearálta.

[79] Féach freisin, chuige sin, breithiúnas faoi achomharc, míreanna 6 agus 104. Sa chaoi chéanna, an brollach agus Airteagail 1, 24, 32, 46, 144 agus 146 den 'bhunreacht' SADR. Mínítear go sonrach le hAirteagal 32 de 'go dtí go bhfaightear an ceannasacht náisiúnta ar ais go hiomlán, is é an Frente POLISARIO an creat polaitiúil a aontóidh agus a shlógfaidh go polaitiúil na Sachrámhaigh d'fhonn a mianta agus a gcearta dlisteanacha chun féinchinntiúcháin agus neamhspleáchais a chur in iúl agus d'fhonn a n-aontacht náisiúnta a chosaint agus d'fhonn tógáil a Stáit neamhspleách Sachrámhaigh a thabhairt chun críche'.

[80] Dá gcaithfí macasamhail le heagraíocht a aimsiú i sochaí dhaonlathach an Iarthair, ar an gceann is fearr de, bheadh Front Polisario ag déanamh ionadaíochta ar cheann de na páirtithe polaitíochta atá ag seasamh i sainordú i rialtas atá fós le bunú. Mar sin féin, ní bheadh páirtí atá fós le toghadh in ann ionadaíocht a dhéanamh ar an rialtas sin.

[81] Is cosúil gurb é seasamh an Aontais Eorpaigh faoi láthair gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an bpróiseas polaitiúil ar shaincheist an tSahára Thiar teacht ar 'réiteach polaitiúil atá cóir, réalaíoch, pragmatach, marthanach agus atá inghlactha go frithpháirteach […], bunaithe ar "chomhréiteach"'; féach dearbhú comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Mharacó don cheathrú cruinniú déag den Chomhairle Comhlachais (27 Meitheamh 2019), pointe 13, atá ar fáil ar https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2019/06/27/joint-declaration-by-the-european-union-and-the-kingdom-of-morocco-for-the-fourteenth-meeting-of-the-association-council/.

[82] Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Swiss International Air Lines* (C-272/15, EU:C:2016:993, mír 24) (inar chinn an Chúirt go bhfuil gá le cinntí beartais chun dul i mbun caidrimh eachtraigh, nach mór don Aontas Eorpach a bheith in ann cinneadh a dhéanamh gan srian maidir le cén chineál cóireála a thabharfaí do thríú Stáit).

86. Mar sin féin, fiú murar ionadaí eisiach é, ní féidir a shéanadh go bhfuil Front Polisario ina idirghabhálaí i bpróiseas féinchinntiúcháin na Náisiún Aontaithe maidir le críoch an tSahára Thiar agus go bhféadfaí é a bhrath sa phróiseas sin mar eagraíocht a léiríonn leasanna agus mianta (ar a laghad) de chuid de mhuintir an tSahára Thiar.

87. Ina theannta sin, tá 20 % de chríoch an Sahára Thiar i seilbh an ábhair sin agus mar sin tá smacht éifeachtach aige ar an gcríoch sin agus ar na daoine a chónaíonn inti. [83] Mar sin, tá leas ag Front Polisario sláine críche chríoch an tSahára Thiar a chosaint, arna ráthú leis an gceart féinchinntiúcháin de mhuintir na críche sin. [84]

88. Dar liomsa, a mhéid is go bhféachann Front Polisario le caingean a thionscain os comhair Chúirteanna an Aontais chun a chinntiú nach gcuirfidh rannpháirtíocht an Aontais le críoch an tSahára Thiar isteach ar na cearta a thugtar do mhuintir an tSahára Thiar faoin dlí idirnáisiúnta gnách, ba chóir Front Polisario a aithint mar eagraíocht a bhfuil stádas ionadaíoch *páirteach* ar a laghad aici don phobal sin. [85]

89. Mura mbeadh sé sin amhlaidh, dhiúltófaí do mhuintir an tSahára Thiar, nach bhfuil, ina staid reatha, infhionnta go hiomlán ná nach bhfuil ionadaí aonair nó ionadaí aitheanta aici, an fhéidearthacht a fhorfheidhmiú, os comhair Chúirteanna an Aontais, na cearta sin a dhíorthaíonn siad le chéile ón gcuid sin den dlí idirnáisiúnta poiblí atá ina cuid de dhlí an Aontais Eorpaigh freisin. [86]

90. Ní bheadh an cineál toraidh sin i gcomhréir leis an smacht reachta, luach a chumhdaítear le hAirteagal 2 CAE, [87] agus atá ina cheann de cholúin bhunreachtúla an Aontais Eorpaigh. [88]

91. Mar sin molaim go seasfaidh an Chúirt le cinneadh na Cúirte Ginearálta go bhfuil an chaingean ag an gcéadchéim inghlactha, cé go bhfuil réasúnaíocht ionaid taobh thiar de.

2. Ag brath ar an dlí idirnáisiúnta gnách os comhair Chúirteanna an Aontais

92. Ina n-achomharc, maíonn an Coimisiún agus an Chomhairle, ag brath ar *Air Transport Association of America agus páirtithe eile*, éileamh breise nach féidir le Front Polisario brath ar an dlí idirnáisiúnta gnách os comhair Chúirteanna an Aontais chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an chinnidh atá faoi chonspóid.

83 Féach, maidir leis na hiarmhairtí a eascraíonn as rialú éifeachtach, Tuairim Chomhairleach an 21 Meitheamh 1971 *maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla do Stáit de bharr láithreacht leanúnach na hAfraice Theas sa Namaib (an Afraic Thiar Theas), d'ainneoin Rún 276 (1970) ón gComhairle Slándála* (Tuarascálacha CBI 1971, lch. 16, mír 118) (ina mínítear go bhfuil 'rialú fisiceach ar chríoch, agus ní ceannasacht ná dlisteanacht teidil, mar bhunús le dliteanas Stáit i leith gníomhartha a dhéanann difear do Stáit eile').

84 Féach, chuige sin, Rún 1514 (XV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, *Dearbhú maidir le neamhspleáchas a dheonú do thíortha agus do phobail choilíneacha* (14 Nollaig 1960) (ina ndearbhaítear go bhfuil 'aon iarracht atá dírithe ar chur isteach páirteach nó iomlán ar an aontacht náisiúnta agus ar shláine críche tíre ar neamhréir le cuspóirí agus prionsabail an Chairt [NA]').

85 Mar sin féin, níor cheart an t-aitheantas sin a dheonú ach amháin sa mhéid go bhféachann sé i ndáiríre le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna de (cuid de) mhuintir an tSahára Thiar. Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, *China Chamber of Commerce for Import and Export of Machinery and Electronic Products agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-478/21 P, EU:C:2023:685, mír 67) (lena leagtar síos coinníollacha maidir le stádas 'comhlachais ionadaíoch' i ndáil le leasanna ginearálta agus comhchoiteanna d'allmhaireoirí nó d'onnmhaireoirí a bheith i láthair i dtríú Stát mar aon le heaspa cur isteach ag tríú Stát).

86 Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Cibé a ndéantar difear do thríú Stát)* (C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 34) (lena n-aithnítear stádas 'duine dlítheanach' tríú Stát, murach sin ní bheadh aon bhealach ag an Stát sin chun a leasanna a chosaint i gcás ina ndéantar a chearta a shárú).

87 Féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-156/21, EU:C:2022:97, míreanna 127 agus 128), agus an 16 Feabhra 2022, *an Pholainn* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-157/21, EU:C:2022:98, míreanna 192 agus 193).

88 Féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Aibreán 1986, *Les Verts* v *an Pharlaimint* (294/83, EU:C:1986:166, mír 23).

93. Ní aontaím. Dar liomsa, is féidir leis an gCúirt a cumhacht um athbhreithniú breithiúnach a fheidhmiú maidir leis an gcuid den dlí idirnáisiúnta atá ina cheangal ar an Aontas Eorpach maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an chinnidh atá faoi chonspóid chun an comhaontú idirnáisiúnta atá i gceist a thabhairt i gcrích. Tá baint dhíreach agus leithleach ag muintir an tSahára Thiar faoin gcinneadh sin, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcearta faoi phrionsabail an dlí idirnáisiúnta ghnách.

94. Trí éisteacht leis an gcás seo, níl an Chúirt ag teacht chun bheith, mar a éilítear, ina binse idirnáisiúnta. Os a choinne sin, is é dualgas bunreachtúil na Cúirte a chinntiú, agus na Conarthaí á gcur i bhfeidhm acu, nach sáraíonn institiúidí an Aontais an dlí. De bhua Airteagal 3(5) CAE, áirítear sa dlí sin an dlí idirnáisiúnta gnách agus na prionsabail a chorpraítear i gCairt na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, níl cúirt ar bith eile ar féidir léi éisteacht le hagóid den sórt sin.

95. A mhéid atá na prionsabail den dlí idirnáisiúnta gnách lena mbaineann sách soiléir chun go bhféadfaidh an Chúirt a mheasúnú cé acu an raibh nó nach raibh cosc ar an gComhairle an comhaontú idirnáisiúnta atá i gceist a thabhairt i gcrích tríd an gcinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, féadfaidh Front Polisario brath ar na rialacha sin den dlí idirnáisiúnta os comhair na Cúirte.

D. Bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart nuair a chinn sí go raibh bunús maith leis an tríú saincheist dlí de Front Polisario

1. Léiriú ar an mbreithiúnas in an Chomhairle *v Front Polisario*

96. Chun a thabhairt chun cuimhne, ní bhaineann raon feidhme na n-achomharc seo ach leis an gceist i dtaobh cé acu an raibh nó nach raibh an cinneadh atá faoi chonspóid de shárú ar léiriú na Cúirte maidir leis an gceart féinchinntiúcháin agus prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, arna léiriú ag an gCúirt sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*. Is gá, mar sin, a mheas cad go beacht a d'fhéach an Chúirt lena leagan síos sa bhreithiúnas sin.

97. Chun teacht ar an gconclúid nach raibh feidhm ag an gcomhaontú i gceist maidir le críoch an tSahára Thiar, bhí an réasúnaíocht mar seo a leanas ag an gCúirt.

98. D'admhaigh sí gur NSGT é críoch an tSahára Thiar de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe.[89] Thug sé faoi deara ansin go bhfuil an ceart féinchinntiúcháin ag NSGT, ar 'ceart atá in-fhorfheidhmithe de réir dlí *erga omnes* é agus ar cheann de bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta é'.[90] Chinn an Chúirt, mar sin, go bhfuil an ceart féinchinntiúcháin ina chuid de na rialacha den dlí idirnáisiúnta poiblí atá is infheidhme maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, nach mór do Chúirteanna an Aontais a chur san áireamh.[91]

89 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 93.

90 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear. Thagair an Chúirt don Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar, míreanna 54 go 56 agus breithiúnas an CBI an 30 Meitheamh 1995 sa Tíomór Thoir (*an Phortaingéil* v *an Astráil*) (Tuarascálacha CBI 1995, lch. 90, mír 29).

91 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 89.

99. Faoi Chairt na Náisiún Aontaithe, tá 'stádas leithleach agus éagsúil' ag NSGT.[92] Dá bhrí sin tháinig an Chúirt ar an tátal nach bhféadtar an téarma 'Ríocht Mharacó' a léiriú mar chríoch lena gcuimsítear críoch an tSahára Thiar faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais.[93]

100. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin go bhféadfadh comhaontú idirnáisiúnta ceangal a chur ar Stát i leith críche eile, ach nach mór do rún den sórt sin a bheith soiléir ón gcomhaontú sin, nó arna bhunú ar shlí eile.[94] Mheas sí, áfach, nach bhféadtar a thabhairt i gcrích, contrártha le cinneadh na Cúirte Ginearálta, go bhféadtar an Comhaontú Comhlachais a léiriú mar ionstraim ina ndéantar foráil go hintuigthe dá chur i bhfeidhm ar chríoch an tSahára Thiar.[95]

101. Ina dhiaidh sin, dhírigh an Chúirt Bhreithiúnais ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. Mheas sé gur prionsabal ginearálta den dlí idirnáisiúnta é an prionsabal sin, agus go bhfuil sé códaithe in Airteagal 34 den Choinbhinsiún Vín ar Dhlí na gConarthaí ('VCLT').[96] De réir an phrionsabail sin, ní fhorchuirtear le conarthaí idirnáisiúnta aon oibleagáidí, ná ní thugtar aon chearta, ar thríú Stáit gan a dtoiliú.[97]

102. Ar deireadh, chinn an Chúirt i mír 106 dá breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, atá mar ábhar díospóireachta sa chás seo, 'nach mór breathnú ar mhuintir an tSahára Thiar mar "thríú páirtí" de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí'. Dá bhrí sin, ní mór do mhuintir an tSahára Thiar a 'toiliú' a thabhairt don Chomhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 a chur i bhfeidhm ar chríoch an tSahára Thiar. Is amhlaidh atá sé 'gan é a bheith riachtanach a chinneadh cé acu an dóigh go ndéanfaidh cur chun feidhme den sórt sin dochar di nó, os a choinne sin, go rachadh sé chun tairbhe di'.[98]

103. Ós rud é nach raibh sé cruthaithe go raibh a dtoiliú tugtha ag muintir an tSahára Thiar go ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais difear dóibh, bhain an Chúirt de thátal as go mbeadh sé contrártha leis an gceart féinchinntiúcháin agus le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí an comhaontú sin a léiriú mar chomhaontú atá is infheidhme maidir le críoch an tSahára Thiar.[99]

104. Cad iad na rialacha a fhéadtar a bhaint as an gcinneadh sin a rinne an Chúirt?

105. Maidir leis an gceart féinchinntiúcháin, rinne an Chúirt dhá shaincheist a shoiléiriú. Ar an gcéad dul síos, chinn sí gur gnáthriail den dlí idirnáisiúnta an ceart féinchinntiúcháin atá i bhfeidhm *erga omnes* agus atá ina cheangal dá bhrí sin ar an Aontas Eorpach. Ar an dara dul síos, mheas an Chúirt go gceanglaítear leis an gceart féinchinntiúcháin go gcaithfí leis an Sahára Thiar mar chríoch atá leithleach ó Ríocht Mharacó.

92 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 90. Le teacht ar an gconclúid sin, bhí an Chúirt ag brath ar Rún 2625 (XXV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 24 Deireadh Fómhair 1970, 'Dearbhú ar Phrionsabail an Dlí Idirnáisiúnta maidir le Caidreamh Cairdiúil agus Comhar i measc na Stát i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe'.

93 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 92.

94 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 98.

95 Breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 99. Le haghaidh cáineadh a fháil ar anailís na Cúirte ar an easpa intinne ó thaobh an Aontais Eorpaigh agus Ríocht Mharacó i ndáil leis an gComhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, féach Kassoti, E., 'The EU and Western Sahara: an assessment of recent developments', *European Law Review*, Iml. 43(5), lch. 746 *et seq*., a mheas gur léir rún na bpáirtithe an Sahára Thiar a áireamh cheana féin in imthosca an cháis.

96 Coinbhinsiún Vín ar Dhlí na gConarthaí, arna thabhairt i gcrích i Vín an 23 Bealtaine 1969 (*Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1155, lch. 331).

97 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 100.

98 Breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 106.

99 Breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 106. Is é sin freisin an chaoi a rinne an Chúirt achoimre ar a cinneadh sa bhreithiúnas in *Western Sahara Campaign UK* (mír 63).

106. Níor phléigh an Chúirt an t-ábhar den cheart féinchinntiúcháin.[100] Mar sin féin, thug sí le fios nach mór do mhuintir an tSahára Thiar, a bhfuil ceart féinchinntiúcháin aici maidir le NSGT an tSahára Thiar, a '*dtoiliú*' a thabhairt do chomhaontú a bheartaítear a bheith curtha i bhfeidhm ar an gcríoch sin.

107. Ar tháinig an Chúirt ar an tátal sin ar bhonn an chirt féinchinntiúcháin? Dar liomsa, níor tháinig. Bhain sé an ceanglas maidir le toiliú ó na rialacha lena rialaítear éifeacht choibhneasta na gconarthaí, agus go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'Airteagal 34 de VCLT.

108. Níl an tAontas Eorpach ina pháirtí in VCLT, agus níl a chuid rialacha ina cheangal air. Mar sin féin, thuig an Chúirt gur léiriú é Airteagal 34 de VCLT ar ghnáthriail an dlí idirnáisiúnta,[101] rud atá ina cheangal ar an Aontas ina ghníomhartha.[102]

109. Foráiltear le hAirteagal 34 de VCLT nach gcruthaítear le conradh oibleagáidí ná cearta do thríú Stát gan a thoiliú. Cé go dtagraítear san fhoráil sin do thoiliú 'Stáit', mheas an Chúirt go raibh feidhm ag an riail chéanna maidir le NSGTanna.[103]

110. Cé gur féidir a áitiú gurb ionann an cinneadh sin agus léiriú na Cúirte ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, ní fhéadtar é, ann féin, a eisiamh ó pheirspictíocht an dlí idirnáisiúnta go bhféadfadh feidhm freisin a bheith ag Airteagal 34 de VCLT maidir le NSGT mar 'thríú páirtí'.[104]

111. Ach ní réitítear leis sin an cheist maidir le *conas*, *más rud é ar chor ar bith*, a d'fhéadfadh NSGT, amhail an Sahára Thiar, toiliú a thabhairt chun bheith faoi cheangal ag comhaontú idirnáisiúnta.

112. Sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, níor ghá don Chúirt an cheist sin a phlé. Ní dhearna sí ach míniú a thabhairt, mar a tharlaíonn sé, nár thug muintir an tSahára Thiar a dtoiliú chun bheith faoi cheangal ag comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó. Chuir sé sin ar chumas na Cúirte teacht ar an gconclúid nár leathnaigh an Comhaontú Comhlachais chuig críoch an tSahára Thiar: ní dhearna na páirtithe foráil go sainráite dó, ná níor thug an tríú páirtí (anseo, muintir an tSahára Thiar) toiliú don leathnú sin.

100 Féach, chuige sin, freisin Molnar, T., 'The Court of Justice of the EU and the Interpretation of Customary International Law: Close Encounters of a Third Kind?', in Merkouris, P., Follesdal, A., Ulfstein, G., Westerman, P. (eag), *The interpretation of customary international law in international courts: Methods of interpretation, normative interactions and the role of coherence*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lgh. 14 agus 15 (ina mbreithnítear 'gur staon Cúirt an Aontais ó léiriú dáiríre a dhéanamh ar an gceart féinchinntiúcháin').

101 Féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Feabhra 2010, *Brita* (C-386/08, EU:C:2010:91, míreanna 44 agus 52), agus breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 100 (lena meastar gur 'léiriú ar leith' é Airteagal 34 de VCLT ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí). Mar shampla, i gcás nár léiríodh an dlí idirnáisiúnta gnách in VCLT, de réir na Cúirte, féach breithiúnas an 16 Meitheamh 1998, *Racke* (C-162/96, EU:C:1998:293, mír 59).

102 Leanann sé ón gcásdlí go gceanglaítear an tAontas Eorpach leis an dlí idirnáisiúnta gnách. Féach, mar shampla, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile*, mír 101 agus an cásdlí dá dtagraítear.

103 Roimh an mbreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, mheas an Chúirt cheana nach gá go mbeadh ach 'Stát' amháin i gceist le 'tríú páirtí', de réir bhrí phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, arna chomhdhlúthú in Airteagal 34 de VCLT. Mar sin, ina bhreithiúnas an 25 Feabhra 2010, *Brita* (C-386/08, EU:C:2010:91, mír 52), mheas sí dá mba rud é go ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais CE-Iosrael (IO 2000 L 147, lch. 3) a léiriú ar bhealach a chiallódh go bhfuil inniúlacht ag údaráis chustaim Iosrael i leith táirgí de thionscnamh an Bhruaigh Thiar, gurb ionann é agus oibleagáid a fhorchur ar údaráis chustaim na Palaistíne gan toiliú Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne.

104 Chun tuairim eile a fháil féach, Odermatt, J., 'International law as a challenge to EU acts: Front Polisario II', *Common Market Law Review*, Vol. 60(1), fonóta 61 agus an téacs ag lgh. 230 agus 231.

113. Sa bhreithiúnas sin, ní raibh aon ghá le measúnú a dhéanamh ar *conas* a d'fhéadfadh comhaontú arna thabhairt i gcrích le Ríocht Mharacó feidhm dhlíthiúil a bheith aige ar chríoch an tSahára Thiar ar an gcúis shimplí gur chinn an Chúirt nach raibh feidhm aige ar chor ar bith maidir leis an Sahára Thiar. Dá bhrí sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid mar is ceart go raibh 'sna [breithiúnais in *Front Polisario* v *an Chomhairle* agus in *Western Sahara Campaign UK*] nár rialaigh Cúirteanna an Aontais maidir le díospóidí a bhain le haon chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó ina raibh coinníoll sainráite lena n-áirítear an Sahára Thiar laistigh dá raon feidhme críochach', mar atá sa chás seo.

114. Nuair a bhreathnaítear air sa chaoi sin, ní mór an ceanglas maidir le toiliú, mar a chuirtear in iúl i mír 106 den bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, níor cheart é a thuiscint mar threoir maidir leis an gceist cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh críoch an tSahára Thiar a bheith i gceist i gcomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó. Ina áit sin, níor cheart an ráiteas sin a thuiscint ach mar *cheann de na hargóintí* maidir le cén fáth nach bhféadfaí críoch an tSahára Thiar a áireamh i raon feidhme an chomhaontaithe atá i gceist sa chás sin.

115. Is i bhfianaise sin a dhéanfaidh mé measúnú ar cé acu an ndearna nó nach ndearna an Chúirt Ghinearálta léiriú ceart ar an gceanglas maidir le toiliú mar atá léirithe sa bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*.

2. Éifeacht choibhneasta na gconarthaí agus an ceanglas maidir le toiliú

(a) Cinneadh na Cúirte Ginearálta

116. Ní chuirtear i gcoinne sa chás seo go raibh sé ar intinn ag an Aontas Eorpach agus ag Ríocht Mharacó comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích a bheadh is infheidhme maidir le críoch an tSahára Thiar. [105]

117. Chuir an Chúirt Ghinearálta tús lena hanailís shubstainteach ar an tríú saincheist dlí ó Front Polisario trí mheasúnú a dhéanamh cé acu an ndearna nó nach ndearna an Chomhairle an ceanglas maidir le toiliú a urramú, mar a cheanglaítear le mír 106 den bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*.

118. Mhínigh sí gur sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, níor shonraigh an Chúirt an modh trína bhféadfaí an toiliú sin a chur in iúl. [106] Dá réir sin, dhírigh an Chúirt Ghinearálta ar VCLT chun a fháil amach na modhanna inar féidir toiliú a chur in iúl.

119. Maidir le Stáit, tugtar aghaidh in VCLT ar an gceist sin in Airteagail 35 agus 36. Faoi na forálacha sin, is gá glacadh go sainráite i scríbhinn chun toiliú a thabhairt do chur i bhfeidhm an chonartha lena bhforchuirtear oibleagáidí ar thríú Stát. Os a choinne sin, níl toiliú intuigthe ach amháin má bhronntar cearta don tríú Stát le conradh.

[105] Mar sin, ní féidir leis an gCúirt teacht ar an gconclúid, cosúil leis an mbreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, nach n-áirítear críoch an tSahára Thiar i raon feidhme an chomhaontaithe atá i gceist.

[106] Breithiúnas faoi achomharc, mír 311.

120. Ag féachaint do na forálacha sin de VCLT, thug an Chúirt Ghinearálta le tuiscint, ós rud é nár bronnadh cearta leis an gcomhaontú i gceist, ach gur forchuireadh oibleagáidí ar mhuintir an tSahára Thiar,[107] go gcaithfí toiliú a thabhairt go sainráite.[108]

121. Rinne an Chúirt Ghinearálta measúnú ansin cé acu an bhfuarthas nó nach bhfuarthas toiliú sainráite ó mhuintir an tSahára Thiar, agus bhain sí de thátal as nach bhféadfaí a thuiscint go raibh toiliú na ndaoine sin faighte leis na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún agus SEGS.[109]

122. Is féidir liom aontú leis an gcinneadh sin den Chúirt Ghinearálta.

123. Tá difríocht idir an nóisean de 'daonra' NSGT agus 'muintir' NSGT sin, le 'muintir' tugtar le tuiscint aonad polaitiúil, a bhfuil ceart féinchinntiúcháin aige, cé go dtugtar le tuiscint le 'daonra' na háitritheoirí de chríoch.[110]

124. Thug an Coimisiún agus SEGS faoi chomhairliúcháin leis na 'daoine lena mbaineann', lenar cuimsíodh, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i gceart, 'go bunúsach, na háitritheoirí atá i láthair ar chríoch an tSahára Thiar faoi láthair, is cuma cé acu an bhfuil nó nach bhfuil baint acu le muintir na críche sin'.[111] Ní fhéadtar, mar sin, gurb ionann na comhairliúcháin sin agus toiliú a bheith faighte ó 'mhuintir' NSGT an tSahára Thiar.

125. Scríobh na páirtithe agus na hidirghabhálaithe sna hachomhairc seo píosa sách fada ag áitiú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Airteagail 35 agus 36 de VCLT infheidhme ar chor ar bith maidir le NSGT agus ina gceangal ar an Aontas Eorpach. Tá cúiseanna ann le teacht ar an gconclúid nach gcódaítear sna forálacha sin rialacha den dlí idirnáisiúnta gnách,[112] ar a laghad ní i gcás ina léirítear prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí mar phrionsabal a bhaineann le NSGTanna. Más é sin go deimhin staid reatha an dlí idirnáisiúnta, ní féidir leis na forálacha sin de VCLT a bheith ina gceangal ar an Aontas Eorpach.

126. Mar sin féin, dar liom féin, is ceist neamhábhartha í an cheist cé acu an bhforordaítear nó nach bhforordaítear le hAirteagail 35 agus 36 de VCLT an modh ar cheart toiliú a thabhairt i gcás NSGT.

107 Chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé de chumas ar an gcomhaontú i gceist ach cearta a chruthú do dhaoine aonair, amhail onnmhaireoirí na dtáirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin, agus ní do mhuintir an tSahára Thiar mar an 'tríú páirtí' sa chomhaontú sin. Féach, breithiúnas faoi achomharc, míreanna 321 agus 322. Is cinnte go meastar sa léann agus sna doiciméid ullmhúcháin a ghabhann le VCLT go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir conarthaí trína gcruthaítear *sochair fhíorasacha* do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha i dtríú Stáit agus conarthaí trína gcruthaítear *cearta agus oibleagáidí* don tríú Stát sin. Féach, chuige sin, Dahm, G., Delbrück, J., Wolfrum, R., *Völkerrecht/Der Staat und andere Völkerrechtssubjekte; Räume unter internationaler Verwaltung*, Band I/3 2ú eagrán, De Gruyter, Berlin, 2002, lch. 617; Fizmaurice, M., 'Third Parties and the law of Treaties', in von Bogdandy, A. agus Wolfrum, R. (eag), *Max Planck Yearbook of United Nations Law*, Iml. 6, 2002, lgh. 104-105; agus Waldock, H., Third Report on the Law of Treaties, *Yearbook of the International Law Commission*, Iml. 2, 1964, lch. 21 (ina ndéantar idirdhealú idir fíorchonarthaí *i bhfabhar* tríú páirtithe (is é sin le rá, iad siúd lena dtugtar a gcearta féin don tríú páirtí) agus conarthaí i bhfabhar tríú páirtithe *sa chiall theicniúil* (iad siúd lena dtugtar buntáistí don tríú páirtí nó do dhaoine is ábhar díobh gan rannpháirtíocht sa chonradh nó gan cearta áirithe a thabhairt)).

108 Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 323 go 326.

109 Breithiúnas faoi achomharc, mír 384.

110 Féach, chuige sin, Wrange, P., 'Self-Determination, occupation and the authority to exploit natural resources: trajectories from four European judgments on Western Sahara', *Israel Law Review*, Iml. 52(1), 2019, lch. 18.

111 Breithiúnas faoi achomharc, mír 337.

112 Féach, maidir le hAirteagal 35 de VCLT, Laly-Chevalier, C. agus Rezek, F., 'Article 35 – Convention de 1969', in Corten, O. agus Klein, P. (eag.), *Les conventions de Vienne sur le droit des traités – commentaire article par article*, Iml. II, Bruylant, Bruxelles, 2006, lch. 1429, agus Proells, A., 'Article 35General rule regarding third States' in Dörr, O., Schmalenbach, K. (eag.), *Vienna Convention on the law of Treaties: A commentary*, Springer, Berlin, 2018, lch. 707. Féach freisin, maidir le hAirteagal 36 de VCLT, d'Argent, P. in Corten, O. agus Klein, P., *ibid*., lgh. 1468 and 1469, and Proells, A. in Dörr, O., Schmalenbach, K., *ibid*., lch. 720.

127. Mar a mhíneoidh mé, is é an seasamh atá agam ná nach féidir le muintir an tSahára Thiar, mar 'tríú páirtí' de réir bhrí Airteagal 34 de VCLT, an toiliú riachtanach a thabhairt ina n-aonar, ina staid eagrúcháin reatha. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach féidir toiliú a thabhairt *ar a son*.

(b) Ní féidir le muintir an tSahára Thiar a 'toiliú' a thabhairt le bheith faoi cheangal ag an gcomhaontú atá i gceist

128. Is léir conas a thugann Stát toiliú le bheith faoi cheangal ag comhaontú idirnáisiúnta. Ní léir, áfach, conas is féidir le NSGT toiliú den sórt sin a thabhairt. [113]

129. Nuair is tríú páirtí é Stát ar mian le dhá Stát eile an cur i bhfeidhm dá gcomhaontú a leathnú chuige, glactar leis go bhfuil de chumas ar an tríú Stát sin, faoin dlí idirnáisiúnta, an comhaontú idirnáisiúnta sin a thabhairt i gcrích é féin. Is chuige sin go díreach, nach mór dó a thoiliú a thabhairt mura ndearna sé an comhaontú a thabhairt i gcrích é féin, ach aontaíonn sé lena bheith faoi cheangal ag comhaontú de chuid Stát eile.

130. Tá seasamh na 'muintire', mar chaomhnóirí an chirt féinchinntiúcháin de NSGT, difriúil. Ní fhéadfaidh an mhuintir sin comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích sula mbeidh a gceart féinchinntiúcháin feidhmithe aici; is é sin, sula mbeidh cineál éigin féinrialaithe bainte amach acu.

131. I gcás ar leith de mhuintir an tSahára Thiar, níl aon ionadaí roghnaithe nó glactha a d'fhéadfadh toiliú a thabhairt ar a son. Fiú má ghlacann Front Polisario páirt sa chaibidlíocht pholaitiúil maidir le réiteach na ceiste sa Sahára Thiar, ní hionann an ról sin agus ról ionadaí tofa nó aitheanta de mhuintir na Sachrámhach chun a mianta comhchoiteanna a chur in iúl. Ní féidir an ról deiridh sin a chur i leith ach amháin trí fheidhmiú an chirt féinchinntiúcháin ag muintir na Sachrámhach, rud nach bhfuil an pobal idirnáisiúnta fós in ann a eagrú. [114]

132. Ní féidir le muintir na Sachrámhach a seasamh a chur in iúl gan ionadaí tofa nó comhaitheanta. Fiú dá suífí go soiléir cé hiad na daoine aonair a bhaineann le muintir na Sachrámhach, bheadh sé dodhéanta comhthoiliú na ndaoine sin a fháil trí chomhairliúcháin le gach ball aonair den ghrúpa sin.

133. A luaithe a fheidhmeoidh muintir na Sachrámhach a gceart féinchinntiúcháin, gheobhaidh siad an cumas a dtoiliú a thabhairt do chomhaontú idirnáisiúnta atá ina cheangal ar a gcríoch, nó, go deimhin, comhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích iad féin.

134. Go dtí an tráth sin, ní féidir le muintir na Sachrámhach toiliúle bheith faoi cheangal ag comhaontú idirnáisiúnta.

135. Mar a mhínigh an Chomhairle agus an Coimisiún, leis an gcoincheap gan a bheith féinrialaithe, tugtar le tuiscint nach bhfuil acmhainn ná struchtúr ag na daoine nach bhfuil a gceart féinchinntiúcháin feidhmithe fós acu chun a mianta nó a gcinntí a chur in iúl.

[113] Féach, ina leith sin, Odermatt, J., 'International law as a challenge to EU acts: Front Polisario II', *Common Market Law Review*, Iml. 60(1), lch. 231, ina mínítear 'i gcás stát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, tá sé soiléir conas atá toiliú le tabhairt: trí thoiliú i scríbhinn. Mar a léirítear sa chás seo, is tasc níos dúshlánaí é toiliú tríú páirtí a fháil, go háirithe maidir le daoine a bhfuil cónaí orthu faoi fhorghabháil'.

[114] Féach, chuige sin, mo phlé i bpointí 79 go 88 den Tuairim seo.

136. Ciallaíonn sé sin go bhfuil duine éigin eile i dteideal a dtoiliú a chur in iúl le bheith faoi cheangal ag comhaontú idirnáisiúnta ar a shon, nó nach féidir an toiliú sin a chur in iúl ar chor ar bith.

(c) An féidir le Ríocht Mharacó toiliú leis an gcomhaontú atá i gceist thar ceann mhuintir an tSahára Thiar?

137. Más rud é, mar atá molta agam, nach féidir le muintir an tSahára Thiar 'toiliú' a thabhairt, laistigh den bhrí a thug an Chúirt don choincheap sin sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, trí chomhairliúcháin leis an daonra atá ina gcónaí ar chríoch an tSahára Thiar, nó trí Front Polisario, cé atá in ann comhaontú idirnáisiúnta le críoch an tSahára Thiar a fhormheas in ainm na ndaoine sin?

138. Is é an dlí maidir le díchoilíniú an creat tagartha iomchuí faoinar cheart an cheist sin a fhreagairt.

139. Tá an creat sin cuimsithe go príomha i gCaibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe, dar teideal 'Dearbhú maidir le Críocha Neamh-Féinrialaitheacha', go háirithe Airteagal 73. [115]

140. Is laistigh den chreat sin a rinne an Chúirt léiriú ar bhrí an cheart féinchinntiúcháin sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*. [116]

141. Is léiriú í Caibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe ar thiomantas an chomhphobail idirnáisiúnta maidir leis an gceart féinchinntiúcháin i bpróiseas an díchoilínithe. [117]

142. Rialaítear le hAirteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe na rialacha lena rialaítear staid NSGTanna sula bhféadfaidh siad a gceart féinchinntiúcháin a fheidhmiú.

143. Leis an bhforáil sin, tugtar le tuiscint ar dtús go bhfuil na críocha sin nach bhfuil cineál áirithe féinrialaithe iomlán bainte amach ag a bpobal fós á riar ag Stát a bhfuil difriúil ón bpobal sin. Tá an fhoráil dírithe ar na Stáit sin mar 'na Comhaltaí [NA] a bhfuil freagrachtaí orthu nó a ghlacann freagrachtaí as NSGTanna a riar'. Déanfaidh mé tagairt do na Stáit sin mar 'cumhachtaí riaracháin'.

144. Sula bhfeidhmeoidh muintir NSGT a gceart féinchinntiúcháin, arb é an sprioc dheiridh d'Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, is í an chumhacht riaracháin a dhéanann na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir leis na críocha sin a thabhairt i gcrích.

145. Dá bhrí sin is í an chumhacht riaracháin atá i dteideal 'toiliú' a thabhairt freisin chun comhaontú arna thabhairt i gcrích idir dhá Stát eile a chur i bhfeidhm ar an gcríoch a bhfuil an chumhacht á riar aici.

115 Dar le Crawford, is é an dearcadh is gnách, fiú más dearcadh sriantach é, ná nach raibh sé i gceist go mbeadh feidhm ag Caibidil XI ach amháin maidir le 'críocha, ar a dtugtar coilíneachtaí tráth rite na Cairte'. Comhlíonann críoch an tSahára Thiar an critéar sin. Féach freisin Crawford, J., *The Creation of States in International Law*, 2nd edition, Oxford University Press, Oxford, 2007, lch. 607.

116 Breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, míreanna 23, 93 agus 105.

117 Mar a dúirt Crawford, 'trí bhithín Chaibidil XI den chuid is mó a rinne Comhaltaí feidhmiú an chirt féinchinnitiucháin a leathnú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ina leith.' Féach Crawford, J., *The Creation of States in International Law*, 2ú eagrán, Oxford University Press, Oxford, 2007, lch. 603.

146. Is cás ar leith é an Sahára Thiar sa mhéid sin. Ar liosta na Náisiún Aontaithe de na NSGTanna go léir atá fágtha, liostaítear cumhacht riaracháin gach críche; ach amháin i gcás an tSahára Thiar. [118]

147. Sainmhínítear in Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe cumhachtaí riaracháin mar 'Chomhaltaí na Náisiúin Aontaithe a bhfuil freagrachtaí *orthu* nó *a ghlacann* freagrachtaí as riar na gcríoch nach bhfuil cineál áirithe féinrialaithe iomlán bainte amach ag a bpobal'. [119]

148. Le húsáid na bhfocal '*a bhfuil freagrachtaí orthu* nó *a ghlacann* [....]' dealraíonn sé go ndéantar tagairt do Stáit a rialaigh NSGT tráth a tháinig Cairt na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm.

149. I gcás an tSahára Thiar, ba é Ríocht na Spáinne an Stát coilíneach a raibh an fhreagracht sin air. Mar sin féin, ghéill an Spáinn go haontaobhach don fhreagracht sin. [120]

150. In Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, déantar tagairt freisin do Stáit a '*ghlacann […] freagracht*' i leith NSGT.

151. Ina hachomharc sa chás seo, ghlac an Chomhairle an seasamh go bhfuil feidhm ag Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe maidir le Ríocht Mharacó mar an chumhacht riaracháin, ós rud é go bhfuil feidhm ag an Stát sin *glacadh le* freagracht as críoch an tSahára Thiar. Dheimhnigh an Chomhairle agus an Coimisiún araon an seasamh sin ag an éisteacht. De réir mhínithe na n-institiúidí sin, tagann cáilíocht Ríocht Mharacó mar an chumhacht riaracháin 'measta' ón bhfíoras go bhfuil smacht éifeachtach ag Ríocht Mharacó ar fhormhór chríoch an tSahára Thiar.

152. Más féidir Ríocht Mharacó a aicmiú go dlíthiúil mar chumhacht riaracháin an tSahára Thiar, bheadh sé i dteideal faoin dlí idirnáisiúnta comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích thar ceann chríoch an tSahára Thiar ionas go mbeadh an chríoch sin ina cheangal faoi. Bheadh sé de chumhacht aige freisin toiliú le comhaontú arna thabhairt i gcrích idir tríú Stáit a chur i bhfeidhm ar chríoch an tSahára Thiar, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhaontú sin na coinníollacha a eascraíonn as Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe (féach pointí 180 go 190 den Tuairim seo).

153. Tá léann ann a chuireann i gcoinne na féidearthachta sin, ag maíomh gur stádas dlíthiúil arna dheonú ag na Náisiúin Aontaithe é stádas na cumhachta riaracháin, nach féidir glacadh leis go haontaobhach in éagmais aitheantais den chineál sin. [121]

154. Mar sin féin, ní nasctar le hAirteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe stádas na cumhachta riaracháin le haon chineál nós imeachta foirmiúil ná aitheantais. Ina ionad sin, lena fhoclaíocht, tugtar le fios go mbaineann sé le cineál áirithe de staid fhíorasach.

118 Na Náisiúin Aontaithe, 'List of Non-Self-Governing Territories by Region', ar fáil ar https://www.un.org/dppa/decolonization/en/nsgt.

119 Béim curtha leis.

120 Féach mír 17 den Tuairim seo. Ina Thuairim in *an Chomhairle v Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:677, míreanna 188 go 191), mhol an tAbhcóide Ginearálta Wathelet nach bhféadfadh an Spáinn a stádas mar chumhacht riaracháin a ghéilleadh go dleathach, agus nach féidir a chur as an áireamh dá bhrí sin gurb é an Ballstát sin a bhfuil an chumhacht riaracháin fós aige i leith críoch an tSahára Thiar go dtí seo.

121 Féach, mar shampla, Chapaux, V., 'The sovereignty over natural resources: "the question of the EU-Morocco Fisheries Agreement"', in Arts, K. agus Pinto Leite, P. (eag.), *International Law and the Question of Western Sahara*, International Platform of Jurists for East Timor, University of Michigan, 2008, lch. 241.

155. Faoin dlí idirnáisiúnta, tá trí aicmiú dlíthiúil féideartha i gceist le Stát a bhfuil rialú *de facto* aige ar chríoch: ceannasach, riarthóir nó forghabhálaí. [122]

156. Maidir leis an Sahára Thiar, ní chaitheann institiúidí polaitiúla an Aontais le Ríocht Mharacó mar chumhacht fhorghabhála, [123] ná mar cheannasach, [124] ach mar an chumhacht riaracháin. Ciallaíonn sé sin go nglacann siad le ceannasacht mhuintir na Sachrámhach ar chríoch an tSahára Thiar, cé go bhfuil smacht ag Ríocht Mharacó ar an gcríoch sin faoi láthair.

157. Níl an seasamh sin contrártha leis an neodracht a mheastar a bheith ag an Aontas Eorpach maidir le toradh an phróisis faoi stiúir na Náisiún Aontaithe i leith an tSahára Thiar ós rud é nach gcuireann an láimhseáil mar chumhacht riaracháin bac ar aon toradh féideartha ar fheidhmiú an chirt féinchinntiúcháin. [125]

158. Ní cosúil go bhfuil an léiriú sin i gcoinne chuspóir an chirt féinchinntiúcháin, rud a léirítear in Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, chomh fada agus nach gcuireann sé cosc ar mhuintir NSGT an ceart sin a fheidhmiú sa todhchaí.

159. Níl sé, mar sin, contrártha leis an dlí idirnáisiúnta caitheamh le Ríocht Mharacó mar chumhacht riaracháin den Sahára Thiar agus dá bhrí sin go bhfuil sé de chumas uirthi 'toiliú' a thabhairt, thar ceann mhuintir an tSahára Thiar mar 'thríú páirtí' de réir bhrí léiriú na Cúirte ar éifeacht choibhneasta na gconarthaí, do chomhaontú a bhfuil tionchar aige ar chríoch an tSahára Thiar.

160. Cén éifeacht a bheidh ag an gconclúid sin ar léiriú na Cúirte ar an nóisean de 'chumhacht riaracháin'?

161. I bhfeidhmiú caidrimh sheachtraigh an Aontais Eorpaigh, tá lánrogha leathan ag institiúidí polaitiúla an Aontais. [126]

122 Torres-Spelliscy, G., 'National Resources in Non-Self-Governing Territories', in Boukhars, A. agus Rousselier, J. (eag.), *Perspective on Western Sahara: Myths, Nationalisms and Geopolitics*, Rowman & Littlefield, Lanham, 2013, lch. 241.

123 Ní mheasann an tAontas Eorpach ná a Bhallstáit gur cumhacht fhorghabhála í Ríocht Mharacó. Tá an rud céanna fíor i gcás Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. In dhá rún, a théann siar go dtí na 1970idí, mheas Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ionghabháil Ríocht Mharacó den Sahára Thiar mar fhorghabháil den chríoch sin. Tá difríocht shuntasach idir é sin agus an staid a bhaineann le Stát Iosrael agus le críoch an Bhruach Thiar agus Stráice Gaza, a mheasann an pobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, gur stát faoi fhorghabháil é. Féach, go háirithe, Tuairim Chomhairleach CBI an 9 Iúil 2004 in *Legal Consequences of the Construction of a Wall in the Occupied Palestinian Territory* (Tuarascálacha CBI 2004, lch. 136, mír 78). Féach freisin breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot* (C-363/18, EU:C:2019:954, míreanna 34, 35 agus 48). Ní hionann an staid reatha freisin agus an staid is bun leis an mbreithiúnas in *East Timor (Portugal* v *Australia)* (Tuarascálacha CBI 1995, lch. 90), inar mheas an pobal idirnáisiúnta go raibh láithreacht Phoblacht na hIndinéise sa Tíomór Thoir ina fhorghabháil. Ina theannta sin, bhí stádas cumhachta riaracháin na críche sin ag an bPortaingéil. I gcodarsnacht leis sin, measann go leor scoláirí go bhfuil stádas Ríocht Mharacó sa Sahára Thiar mar fhorghabhálaí. Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet in *Western Sahara Campaign* (C-266/16, EU:C:2018:1, fonóta 223).

124 Féadtar teacht ar an gconclúid sin óna rogha caitheamh leis an Sahára Thiar mar NSGT agus le muintir na Sachrámhach mar an t-ábhar a bhfuil sé de cheart aige todhchaí na críche sin a roghnú. Ar an gcaoi chéanna, má chaitear le Ríocht Mharacó mar chumhacht riaracháin, tugtar le tuiscint nach féidir léi leas a bhaint as beart iomlán na ceannasachta, i bhfianaise a n-oibleagáidí faoi Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an oibleagáid an bealach a réiteach do mhuintir na Sachrámhach an rogha a fheidhmiú maidir le conas a ceannasacht a fheidhmiú.

125 Cuirtear seasamh na neodrachta sin in iúl in aithris 3 den chinneadh atá faoi chonspóid: 'Ní thugann an tAontas réamhbhreith ar thoradh phróiseas polaitiúil na Náisiún Aontaithe maidir le stádas deiridh an tSahára Thiar agus, d'athdhearbhaigh sé go seasta a thiomantas maidir leis an díospóid sa Sahára Thiar a réiteach, atá liostaithe ag na Náisiúin Aontaithe faoi láthair mar chríoch neamh-fhéinrialaitheach, a bhfuil codanna móra di á riaradh faoi láthair ag Ríocht Mharacó. Tacaíonn sé go hiomlán leis na hiarrachtaí atá déanta ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus a thoscaire pearsanta chun cabhrú leis na páirtithe teacht ar réiteach polaitiúil atá cóir, marthanach agus inghlactha go frithpháirteach a chinnteodh féinchinntiúchán mhuintir an tSahára Thiar faoi chomhaontuithe atá ailínithe leis na prionsabail agus na cuspóirí atá cumhdaithe i gCairt [NA], arna leagan amach i Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe Rúin 2152 (2014), 2218 (2015), 2385 (2016), 2351 (2017) agus 2414 (2018).'

126 Féach, *inter alia*, breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Swiss International Air Lines* (C-272/15, EU:C:2016:993, mír 24).

162. Síneann sé sin chuig léiriú na norm is infheidhme i gcás, amhail an cháis atá i gceist, nuair nach bhfuil seasamh soiléir ann faoin dlí idirnáisiúnta i dtaobh cé acu an bhféadfaidh caitheamh le Stát mar Stát a bhfuil freagracht glactha aige as NSGT, de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, trí bhíthin rialú éifeachtach dlínse ar an gcríoch sin.

163. I bhfianaise easpa rialacha soiléire i ndlí an Aontais nó sa dlí idirnáisiúnta lena gcuirfí cosc ar sheasamh den sórt sin, ní fhéadtar agóid a dhéanamh os comhair na Cúirte, i gcoinne cinneadh institiúidí polaitiúla an Aontais caitheamh le Ríocht Mharacó mar an chumhacht riaracháin (‘*de facto*’), de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. [127]

164. Sa mhéid sin, ní mór don Chúirt glacadh le seasamh na Comhairle agus an Choimisiúin mar léiriú féideartha ar an dlí idirnáisiúnta.

165. Is fíor nach bhfuil an stádas mar chumhacht riaracháin maidir le críoch an tSahára Thiar glactha ag Ríocht Mharacó í féin. [128] Is é an seasamh atá aici ná go bhfuil ceannasacht aici ar an gcríoch sin. [129]

166. Mar sin féin, ní chuirtear leis sin cosc ar an Aontas Eorpach caitheamh go haontaobhach le Ríocht Mharacó mar an chumhacht riaracháin (‘*de facto*’) ar chríoch an tSahára Thiar ina rannpháirtíocht eacnamaíoch leis an gcríoch dheireanach sin.

167. Mhínigh an Coimisiún ag an éisteacht nach ndéanfadh an tAontas Eorpach amhlaidh ach trí chlásail ‘gan dochar’ a úsáid, ar modh glactha (agus praiticiúil) é a úsáidtear chun dul i mbun gníomhaíochta le tríú Stáit nó críocha. [130]

168. Mar sin féin, d’fhéadfaí, mar a phléifidh mé i Roinn E den Tuairim seo, leis an bhfíoras gur aontaigh an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó easaontú maidir le stádas Ríocht Mharacó i ndáil le críoch an tSahára Thiar agus an comhaontú i gceist á thabhairt chun críche, ceanglais bhreise a fhorchur ar institiúidí an Aontais a bheadh riachtanach chun na hoibleagáidí a eascraíonn faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

127 Ciallaíonn an lánrogha leathan atá ag institiúidí an Aontais sa chaidreamh seachtrach (tráchtála) sa mhéid a bhfuil measúnuithe casta polaitiúla agus eacnamaíocha i gceist leis an mbainistiú sin, nach féidir leis an gCúirt a cumhachtaí athbhreithnithe a fheidhmiú ach amháin sa mhéid go ndearna na hinstitiúidí sin earráid fhollasach. Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 1983, *Fediol v an Coimisiún* (191/82, EU:C:1983:259, mír 30). Ciallaíonn sé sin mura bhfuil aon rialacha idirnáisiúnta soiléire ann ar féidir leis an gCúirt an t-athbhreithniú sin a dhéanamh ina leith, ní féidir leis an léiriú a roghnaíonn institiúidí an Aontais a bheith ina earráid fhollasach.

128 Féach freisin, ina leith sin, breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*, mír 72 (inar mhínigh an Chúirt ‘go bhfuil sé séanta go diongbháilte ag Ríocht Mharacó gur cumhacht fhorghabhála í nó cumhacht riaracháin í maidir le críoch an tSahára Thiar.’).

129 Glacaim leis gur ar an gcúis sin freisin nach ndealraíonn sé go dtarchuireann Ríocht Mharacó tuarascálacha rialta chuig na Náisiúin Aontaithe maidir le críoch an tSahára Thiar, mar a bheadh riachtanach ar chumhacht riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 73(e) de na Chairt na Náisiún Aontaithe.

130 Féach, mar shampla, an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv *, den pháirt eile (IO 2016 L 71, lch. 3; ‘Comhaontú Comhlachas AE-na Cosaive’) (sa chomhaontú sin, sa chuid ábhartha, sonraítear go bhfuil sé ‘gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus go bhfuil sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive’), an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát den pháirt eile (IO 2008 L 289, lch. 3), agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile (IO 2016 L 250, lch. 3), ina liostaítear roinnt críocha neamh-fhéinrialaitheacha in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Prótacal 1 agus Iarscríbhinn VIII faoi seach ‘gan dochar do stádas na dtíortha ná na gcríoch sin ná d’athruithe a dhéanfar ar a stádas amach anseo’.

169. Is é an tátal a bhaintear as an bplé thuasluaite ná an tátal, tríd an gcinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, nár sháraigh an Chomhairle prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, mar a léiríodh sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*. Fuair an institiúid sin toiliú ó mhuintir an tSahára Thiar mar thríú páirtí sa chomhaontú i gceist trí Ríocht Mharacó, ag gníomhú di mar chumhacht riaracháin na críche sin.

3. Ag caitheamh le Maracó agus leis an Sahára Thiar mar chríocha ar leith

170. An t-aon oibleagáid a mheas an Chúirt a bheith ina ceangal ar an Aontas Eorpach ar bhonn an chirt féinchinntiúcháin in *an Chomhairle v Front Polisario* ná caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch atá leithleach ó chríoch Ríocht Mharacó. [131]

171. Ní bhaintear an bonn den oibleagáid sin maidir le Ríocht Mharacó mar chumhacht riaracháin de réir bhrí Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. A mhalairt ar fad, mar gheall ar shannadh aontaobhach stádas na cumhachta riaracháin do Ríocht Mharacó, agus na hoibleagáidí gaolmhara go léir a eascraíonn as an stádas sin, séanann sé sin ceannasacht an Stáit ar chríoch an tSahára Thiar. [132]

172. I bhfocail eile, rinne Ríocht Mharacó comhaontú idirnáisiúnta maidir lena críoch féin a thabhairt i gcrích go leithleach leis an Aontas Eorpach agus ansin thoiligh sí lena chur i bhfeidhm ar chríoch an tSahára Thiar ar críoch ar leith í, a riarann sí faoi láthair.

173. Mar atá mínithe agam i mo Thuairim in *Confédération paysanne (Mealbhacáin agus trátaí ón Sahára Thiar)*, atá á léamh inniu freisin, má chaitear le críoch an tSahára Thiar mar chríoch atá leithleach ó Ríocht Mharacó, sainordaítear nach mór go léireofaí an Sahára Thiar a n-áit tionscnaimh ar dhearbhuithe custaim agus lipéid thír thionscnaimh na dtáirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar; d'eisiamh aon tásc ar thionscnamh Ríocht Mharacó. [133] Baineann sé sin, *inter alia*, le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar a bhaineann leas as cóir fhabhrach ar bhonn an chomhaontaithe atá i gceist nuair a dhéantar iad a allmhairiú isteach i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh.

174. Dá bhrí sin, tríd an gcinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, nár sháraigh an Chomhairle an ceanglas maidir le caitheamh le críoch Ríocht Mharacó agus críoch an tSahára Thiar mar dhá chríoch ar leith, arb é an ceanglas é a eascraíonn as an gceart féinchinntiúcháin de réir léiriú na Cúirte sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*.

4. Conclúid eatramhach

175. Níl an cinneadh atá faoi chonspóid ina shárú ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí nó ar an ngné sin den cheart féinchinntiúcháin a bhí i gceist sa bhreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*.

131 Féach, chuige sin, breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 92.

132 Mar a mhíníonn Crawford, 'a mhéid a thugann ceannasacht le tuiscint an ceart gan srian chun an chríoch atá i gceist a rialú nó a úsáid, leis an oibleagáid in Airteagal 73b, agus leis an bprionsabal gaolmhar maidir le féinchinntiúchán, cuirtear teorainn shubstaintiúil le ceannasacht Stáit Riaracháin'. Féach Crawford, J., *The Creation of States in International Law*, 2ú eagrán, Oxford University Press, Oxford, 2007, lch. 615. Ina breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle v Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973, mír 95), ba é an fhíric nach bhfeidhmíonn Ríocht Mharacó an 'iomláine' dá cumhachtaí ceannasacha ar chríoch an tSahára Thiar ar cheann de na cúiseanna a tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach mbeadh feidhm ag an gComhaontú Comhlachais maidir leis an gcríoch sin.

133 Féach mo Thuairim in C-399/22, *Confédération paysanne (Mealbhacáin agus trátaí ón Sahára Thiar)*, mír 138.

176. Dá réir sin, molaim go ndéanfaidh an Chúirt an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní a mhéid a sheasann sí leis an tríú saincheist dlí de chuid Front Polisario.

E. Oibleagáidí eile atá ina gceangal ar an Aontas Eorpach ar bhonn an chirt féinchinntiúcháin de mhuintir na Sachrámhach

177. Trína chinneadh nár sáraíodh an ceart féinchinntiúcháin a mhéid a bhí deis ag an gCúirt é a léiriú ina breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario* ní gá go dtiocfaí ar an gconclúid gur urramaigh institiúidí an Aontais na hoibleagáidí go léir a eascraíonn as an gceart féinchinntiúcháin agus an comhaontú i gceist á thabhairt i gcrích le Ríocht Mharacó.

178. Ní raibh deis ag an gCúirt go fóill a mhíniú cad iad na hoibleagáidí eile atá ar an Aontas Eorpach mar thoradh ar cheart féinchinntiúcháin de mhuintir na Sachrámhach. Toisc nach ndearna an Chúirt Ghinearálta an cheist sin a chinneadh, áfach, ní cuid de raon feidhme na n-achomharc seo, sa chaoi nach féidir leis an gCúirt soiléiriú neamhspleách a dhéanamh ar an gceist sin sa chás seo.

179. É sin ráite, is gá dom plé gairid a dhéanamh ar dhá shaincheist a eascraíonn as an gceart féinchinntiúcháin atá ábhartha i gcás ina gcaitheann institiúidí an Aontais le Ríocht Mharacó mar an chumhacht riaracháin (‘*de facto*’) de chríoch an tSahára Thiar.

180. Ar dtús, forchuirtear le hAirteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe ar chumhachtaí riaracháin oibleagáid dá ngairtear go minic an ‘oibleagáid um iontaoibh dhoshéanta’. Sonraítear leis an bhforáil sin go bhfuil ‘leasanna na n-áitritheoirí de [NSGT] fíorthábhachtach’ agus go nglacann cumhachtaí riaracháin ‘an oibleagáid mar iontaoibh dhoshéanta a gcroídhícheall a dhéanamh leas áitritheoirí na gcríoch sin a chur chun cinn, laistigh den chóras idirnáisiúnta síochána agus slándála a bhunaítear leis an gCairt seo’.

181. Sula bhfeidhmeoidh muintir na Sachrámhach a gceart féinchinntiúcháin, ní mór do Ríocht Mharacó, mar riarthóir (‘*de facto*’) dá gcríoch, gníomhú go heisiach chun leasa ‘áitritheoirí na críche’ sa Sahára Thiar. Ní mór do thoiliú Ríocht Mharacó thar ceann mhuintir na Sachrámhach maidir le héifeacht choibhneasta na gconarthaí an oibleagáid sin a urramú freisin.

182. Le hAirteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, dírítear, i bprionsabal, an oibleagáid den ‘iontaoibh dhoshéanta’ ar an gcumhacht riaracháin. Is léir, áfach, nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt chun suí i mbreithiúnas ar urramú Stát eachtrach den dlí idirnáisiúnta poiblí, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

183. Ina ainneoin sin, leis an gceart féinchinntiúcháin atá leabaithe in Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe, d’fhéadfaí oibleagáidí a fhorchur ar na Stáit sin (nó ar eagraíochtaí idirnáisiúnta) a théann i mbun gníomhaíochtaí le cumhacht riaracháin i ndáil leis an NSGT a riarann siad.

184. I gcomhthéacs an cháis seo, mheas an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil an oibleagáid um ‘iontaoibh dhoshéanta’ ina cheangal ar an Aontas Eorpach freisin ina chaidreamh leis an gcumhacht riaracháin (‘*de facto*’) de NSGT an tSahára Thiar. Fiú mura páirtí é an tAontas Eorpach i gCairt na Náisiún Aontaithe, tá sé faoina cheangal ina oibleagáidí seachtracha ar bhonn Airteagal 21 CAE.

185. D'fhéadfaí teacht ar an gconclúid mar sin nach féidir le hinstitiúidí an Aontais socruithe a dhéanamh maidir leis an Sahára Thiar le Ríocht Mharacó mar a cumhacht riaracháin ach amháin má bhíonn na socruithe sin chun sochair 'áitritheoirí na críche sin'.

186. Tá tábhacht bhreise ag baint leis an oibleagáid sin, dar liom féin, de bharr go measann Ríocht Mharacó í féin mar an Stát ceannasach agus ní mar riarthóir maidir le críoch an tSahára Thiar. Dá bhrí sin, ní mheasann sé go bhfuil sé faoi réir na hoibleagáide um 'iontaoibh dhoshéanta' a ghlactar de ghnáth ag cumhachtaí riaracháin faoi Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Ní mór d'institiúidí an Aontais a chinntiú, dá bhrí sin, go rachaidh na socruithe comhaontaithe chun sochair 'áitritheoirí na críche' den Sahára Thiar, mar a cheanglaítear le hAirteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

187. Leis an gconclúid sin, tagann ceisteanna chun cinn go deimhin, nár pléadh os comhair na Cúirte Ginearálta: cad a thuigtear faoin téarma 'áitritheoirí na críche' in Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe? Leis na comhairliúcháin ar thug an Coimisiún agus SEGS faoi, an gcomhlíontar an ceanglas nach mór d'institiúidí an Aontais a fhíorú go bhfuil an comhaontú atá i gceist chun sochair 'áitritheoirí na críche'?

188. *Ar an dara dul síos*, tá an tsaincheist fós ann maidir leis na hoibleagáidí atá ar institiúidí an Aontais comhlíonadh leis an gceart atá ag muintir na Sachrámhach leas a bhaint as acmhainní nádúrtha NSGT an tSahára Thiar.

189. Féadfar plé a dhéanamh maidir le cé acu an ceart neamhspleách é an ceart chun taitneamh a bhaint as acmhainní nádúrtha a eascraíonn as an bprionsabal de cheannasacht Stáit, nó an ionann é agus comhpháirt den cheart féinchinntiúcháin.[134] Sa dá rogha, áfach, is cosúil go bhfuil an ceart sin mar chuid den dlí idirnáisiúnta gnách[135] agus dá bhrí sin tá sé ina cheangal ar an Aontas Eorpach.

190. Nuair a bhaineann sé le saothrú na n-acmhainní nádúrtha de NSGTanna, is cosúil go bhfuil comhdhearcadh áirithe ann, bunaithe ar an litir 2002 le Hans Corell,[136] a bhféadfaidh an chumhacht riaracháin acmhainní nádúrtha a shaothrú dá réir, i gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí saothraithe acmhainní chun leasa mhuintir NSGT, nó i gcomhairle lena hionadaithe.[137]

191. Ní údaraítear leis an gcomhaontú atá i gceist ann féin úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha chríoch an tSahára Thiar. Mar sin féin, bíonn tionchar aige go hindíreach ar an gceart sin. Cad iad na hoibleagáidí a thagann chun cinn d'institiúidí an Aontais sa chomhthéacs seo?

134 Maidir le NSGT, 'athdhearbhaítear' i Rún 50/33 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, mar shampla, 'ceart doshannta mhuintir na gcríoch coilíneacha agus na gCríoch Neamh-Féinrialaitheacha chun féinchinntiúcháin agus neamhspleáchais agus chun taitneamh a bhaint as acmhainní nádúrtha dá gCríocha, mar aon lena gceart chun na hacmhainní sin a úsáid ar mhaithe lena leas'. I Rún 1803 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (XVII), mar shampla, déantar ceart an bhuancheannais ar an saibhreas agus ar na hacmhainní nádúrtha a cháiliú mar 'chomhábhar bunúsach den cheart féinchinntiúcháin' (UN Doc. A/RES/1803 (XVII), 14 Nollaig 1962, brollach, mír 2.)

135 Féach, mar shampla, Gilbert, J., *Natural Resources and Human Rights: An Appraisal*, Oxford University Press, Oxford, 2018, lch. 12 agus an litríocht dá dtagraítear ann.

136 Litir dar dáta an 29 Eanáir 2002 ón bhFo-Ardrúnaí um Ghnóthaí Dlí, an Abhcóide Dlí, arna seoladh chuig Uachtarán na Comhairle Slándála (S/2002/161).

137 Ibid., mír 24. Mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta i gceart, ní foinse dlí í an litir sin, agus ar aon nós níl feidhm cheangailteach de réir dlí aici. Féach breithiúnas faoi achomharc, mír 385. Mar sin féin, bhí údarás tábhachtach le tuairim Corell sa litríocht léannta, ina nglactar leis go minic mar an léiriú ceart ar an dlí idirnáisiúnta. Féach, mar shampla, Torres-Spelliscy, G., 'National Resources in Non-Self-Governing Territories', in Boukhars, A. agus Rousselier, J. (eag), *Perspective on Western Sahara: Myths, Nationalisms and Geopolitics*, Rowman & Littlefield, Lanham, 2013, lch. 235.

192. An bhféadfadh institiúidí an Aontais teacht ar an gconclúid gur comhlíonadh trí chomhairliúchán a reáchtáil leis an daonra áitiúil a n-oibleagáid gan sárú a dhéanamh ar cheart mhuintir na Sachrámhach chun leas a bhaint as a n-acmhainní nádúrtha, ar thug tromlach na ndaoine a ghlac páirt sna comhairliúcháin sin breithmheas ar leathnú na dtaraifí fabhracha chuig táirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar?

193. Cé gur phléigh an Chúirt Ghinearálta leordhóthanacht na gcomhairliúchán ina breithiúnas, rinne sí amhlaidh i gcomhthéacs agus cinneadh á dhéanamh cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a ghlacadh leis gurb ionann na comhairliúcháin agus a cuid 'toiliú' á thabhairt ag muintir an tSahára Thiar don chomhaontú atá i gceist, de réir bhrí éifeacht choibhneasta na gconarthaí. [138] Tá gá le measúnú nua agus difriúil chun an cheist chéanna a fhreagairt i gcomhthéacs an chirt chun leas a bhaint as acmhainní nádúrtha.

194. Níor pléadh na saincheisteanna a ardaíodh sa chuid seo sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta. Rinne an chúirt sin cinneadh éagórach, i mo thuairim, nuair a chinn sí nár chloígh institiúidí an Aontais leis an gceanglas maidir le toiliú arna eascairt ón mbreithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*. Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil na saincheisteanna sin cumhdaithe ag na pléadálacha atá fágtha ag Front Polisario ina chaingean le haghaidh neamhniú. Sin é an fáth gur gá dom an cás seo a chur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

IV. Iarmhairtí

195. Faoi Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chúirt í féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid.

196. Sa chás seo, ní chomhlíontar an coinníoll sin.

197. Cé go dtagaim ar an gconclúid gur cheart diúltú don tríú saincheist dlí de Front Polisario ag an gcéadchéim toisc í a bheith gan bhunús ar na cúiseanna thuasluaite, maidir leis na saincheisteanna dlí eile nach bhfuil measúnaithe fós ag an gCúirt Ghinearálta, ní cheadaítear le staid na n-imeachtaí don Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar.

198. Táim den tuairim mar sin nach mór an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais. [139]

V. Conclúid

199. I bhfianaise an mhéid sin thuasluaite, molaim don Chúirt Bhreithiúnas:

– na hachomhairc a dhíbhe go páirteach toisc iad a bheith gan bhunús agus a chinneadh go bhfuil an chaingean arna tabhairt ag Front Populaire pour la libération de la saguia-el-hamra et du rio de oro (Front Polisario) inglactha;

[138] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 328 go 384.

[139] Féach an dara rogha eile sa dara habairt den chéad mhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

– seasamh go páirteach leis na hachomhairc, an breithiúnas faoi achomharc a chur ar neamhní a mhéid a sheasann sé leis an tríú saincheist dlí arna tionscnamh ag Front Polisario, agus an tsaincheist dlí sin a dhíbhe;

– an cás a tharchur ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh chun go bhféadfaidh sí rialú a thabhairt ar na saincheisteanna dlí nár thug sí breithiúnas ina leith; agus

– na costais a fhorchoimeád.